



An Roinn Sláinte
Ráiteas Straitéise
2016 – 2019



Brollach ón Aire



Tá sé mar aidhm ag an Rialtas leas a bhaint as na tairbhí a ghabhann le geilleagar láidir chun sochaí chothrom a bhaint amach. Má táimid chun déanamh amhlaidh, is gá dúinn infheistiú i bpríomhsheirbhísí poiblí amhail seirbhísí sláinte a athfhorbairt agus a athchóiriú – is iad sin, na seirbhísí a bhfuil daoine ag brath orthu agus a bhfuil siad ag iarraidh go dtacófar leo. Is é an fhís fhadtéarmach atá againn ná cur ar chumas gach duine an tsláinte agus an fholláine fhisiciúil agus mheabhrach is fearr is féidir a bheith acu.

Sa Ráiteas Straitéise seo don Roinn Sláinte, leagtar raon gníomhartha amach chun tabhairt faoin gclár oibre sin sa tréimhse 2016-2019. Tá na gníomhartha sin eagraithe faoi chúig mhórchuspóir straitéiseacha. Léirítear sa Ráiteas na gealltanais sláinte atá tugtha sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Cuireadh riachtanais athraitheacha chúram sláinte san áireamh agus an Straitéis seo á hullmhú freisin. Is againne atá pobal atá ag aosú. Tá daoine ag maireachtáil níos faide agus fágann sé sin go mbeidh tuilleadh riachtanas agus riachtanais níos éagsúla agus níos casta acu amach anseo. Is againne freisin atá an ráta breithe is airde san Eoraip. Is treochtaí dearfacha iad sin do shochaí na hÉireann ina hiomláine. Is amhlaidh, áfach, go méadaíonn siad an t-éileamh ar sheirbhísí freisin. Is gá dúinn aitheantas a thabhairt do na deacrachtaí atá ag othair rochtain a fháil ar sheirbhísí, bíodh na deacrachtaí sin ag baint le rannóga éigeandála nó le liostaí feithimh; don dianbhrú atá ar ár mbaill foirne an-tiomanta; agus don éileamh agus don bhrú méadaitheach atá ar acmhainní. Is gá dúinn dul i ngleic leis an méid sin ar fad freisin.

Tá sé mar aidhm leis na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo na dúshlán sin a shárú trí fheabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine, trí thacú le maireachtáil neamhspleách, trí chúram sábháilte ar ardchaighdeán a sholáthar atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine, agus trínár seirbhísí sláinte a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Tá sé curtha in iúl agam go soiléir roimhe seo go bhfuil gá ann le fí fhadtéarmach dár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh. Maidir leis sin, tugann obair an Choiste Oireachtais um Chúram Sláinte sa Toghchán deis dúinn teacht ar chomhaontú polaitiúil, agus comhaontú sochaíoch, ar an treo don toghchán.

Cé go bhfuil cuid mhór dúshlán agus deacrachtaí romhainn, is gá dúinn an iomad feabhsuithe atá déanta cheana féin a aithint agus aitheantas a thabhairt do na daoine a oibríonn chomh crua sin ar fud na hearnála sláinte agus cúraim shóisialaigh ar fad freisin.

Mar shampla, tá méadú dhá bhliain go leith tagtha ar an ionchas saoil in Éirinn ón mbliain 2004, rud a fhágann go bhfuil ár n-ionchas saoil os comhair mheánfhigiúr an Aontais Eorpaigh (AE) anois. Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar rátaí mortlaíochta do ghalair a bhaineann leis an gcóras imshruthaithe agus do ghalair riospráide; tá feabhas tagtha ar chúram ailse; agus tá dul chun cinn suntasach bainte amach ar úsáid tobac a laghdú.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil foireann thiomanta oile againn inár seirbhísí sláinte. Táim ag tnúth le bheith ag oibriú leosan, Ard-Rúnaí agus foireann na Roinne, agus leis na hAirí Stáit - an tAire McGrath, an tAire Corcoran Kennedy, an tAire Byrne agus an tAire McEntee - de réir mar a leanaimid le Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi.



Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Cuirtear an Ráiteas Straitéise seo faoi bhráid an Aire Sláinte faoi alt 5(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Leagtar amach ann raon gníomhartha uailmhianacha a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí sláinte agus seirbhísí sláinte a fheabhsú thar shaolré na Straitéise seo. Tabharfar tuairisc ar na gníomhartha sin gach bliain agus coinneofar sinn cuntasach as an dul chun cinn a bhainimid amach ina leith.

Ón mbliain 2015 i leith, tá an Roinn faoi réir mórchlár athraithe eagrúcháin ar a dtugtar *Oibriú Níos Fearr Le Chéile*. Leanfar leis an obair sin le linn thréimhse na Straitéise seo chun a chinntiú go mbeimid chomh héifeachtach agus is féidir maidir lenár ról a chomhlíonadh agus maidir le huaimhianta na Straitéise seo a bhaint amach.

Agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú, fuarthas eolas ó chomhairliúcháin a reáchtáladh leis an bpobal, le geallsealbhóirí, le gníomhaireachtaí de chuid na Roinne, le ranna eile Rialtais agus lenár mbaill foirne. Gabhtar buíochas leis na daoine sin as an rannchuidiú a rinne siad leis an gcomhairliúchán. Gabhtar buíochas ar leith le baill foirne na Roinne as an tiomantas leanúnach atá acu dá seacht ndícheall a dhéanamh an creat Éire Shláintiúil a bhaint amach agus feabhas a chur ar ár seirbhísí sláinte.

Clár Ábhar

(A) Cúlra agus Comhthéacs

- | | |
|--|---|
| 1. Réamhrá | 1 |
| 2. Misean, Ról, Feidhmeanna agus Luachanna na Roinne Sláinte | 2 |
| 3. An Timpeallacht Oibriúcháin – Deiseanna agus Dúshlán | 3 |

(B) Cuspóirí Straitéiseacha

- | | |
|--|----|
| Réamhrá | 5 |
| 1. Tacú le daoine saol sláintiúil neamhspleách a chaitheamh | 8 |
| 2. A chinntiú go soláthrófar cúram sláinte agus cúram sóisialach atá sábháilte agus ar ardchaighdeán | 11 |
| 3. Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine | 14 |
| 4. Bainistíocht éifeachtach éifeachtúil seirbhísí sláinte a chur chun cinn | 18 |
| 5. Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi | 23 |

Aguisín 1 – Liosta de na gealltanais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta a bhaineann le Sláinte

27

Aguisín 2 – Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

35

(A) Cúlra agus Comhthéacs

1. Réamhrá

Is é seo an Ráiteas Straitéise don Roinn Sláinte don tréimhse 2016-2019. Leagtar ár misean, ár luachanna, ár ról agus ár bpríomhfheidhmeanna amach ann. Cuirtear síos ann ar an timpeallacht reatha ina soláthraítear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh agus sainaitnítear ann roinnt téamaí bunúsacha lena gcuirfear bonn eolais faoinár gcuid oibre thar an tréimhse trí bliana lena mbaineann. Tugtar forbheathnú ann ar deireadh ar na gníomhartha a dhéanfaimid, agus iad eagraithe ina gcúig Chuspóir Straitéiseacha. Tugtar aird sa Ráiteas Straitéise seo ar an gClár do Rialtas Comhpháirtíochta. Léirítear ann freisin an clár leanúnach um athchóiriú sláinte agus mórstraitéisí eile de chuid an Rialtais, amhail an *Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*, *Plean Athnuachana na Státseirbhíse*, an Plean Gníomhaíochta do Phoist, an Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas. Chuir próiseas leathan comhairliúcháin bonn eolais faoin Ráiteas Straitéise freisin, rud ar tugadh faoi le linn ullmhú na Straitéise seo.

Cuspóir straitéiseach ar leith is ea forbairt ár mball foirne agus ár n-inniúlachta féin. Trínár mórchlár athraithe dar teideal *Oibriú Níos Fearr Le Chéile*, tá sé mar aidhm againn Roinn a chruthú: atá dírithe ar thorthaí tosaíochta; a thugann aird ar an bhfianaise agus cinní á ndéanamh aici; atá freagrach agus cuntasach; a thacaíonn le baill foirne a ndícheall a dhéanamh agus obair ar a gconlán féin; atá tiomanta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt phearsanta agus gairme na mball foirne uile; agus atá oscailte maidir le faisnéis atá ábhartha do dhaoine eile a chomhroinnt. Is é an fhís deiridh atá leis an gclár athraithe ná timpeallacht níos fearr a chruthú inar féidir linn ár gcuid oibre a chur i gcrích, áit a mbaintear ardfeidhmíocht amach ar bhonn leanúnach, a gcuirtear oibriú comhoibríoch chun cinn, agus ar féidir linn go léir ár gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú. Cabhrófar go mór linn ár gcuspóirí straitéiseacha eile a bhaint amach tríd an gclár seo a chur chun feidhme. Tá an obair atá á déanamh ina leith sin leagtha amach faoi Chuspóir Straitéiseach 5.

2. Misean, Ról, Feidhmeanna agus Luachanna na Roinne Sláinte

Ár Misean:	Feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> • daoine a choinneáil sláintiúil; • an cúram sláinte atá ag teastáil ó dhaoine a chur ar fáil; • seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar; agus • an luach is fearr a bhaint as acmhainní an chórais sláinte.
-------------------	--

Ár Ról agus Ár bhFeidhmeanna: Freastal ar an bpobal agus tacaíocht a thabhairt don Aire Sláinte, do na hAíré Stáit agus don Rialtas trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:	
Ceannaireacht agus treo beartais don earnáil sláinte chun torthaí sláinte a fheabhsú <ul style="list-style-type: none"> ▪ bheith i gceannas ar an anailís, ar an bhforbairt agus ar an athbhreithniú ar bheartas agus ar reachtaíocht agus ar a gcur in iúl ▪ ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn agus don chóras sláinte ar leibhéal idirnáisiúnta agus a chinntiú go rachaidh fianaise idirnáisiúnta i bhfeidhm ar fhorbairt agus chur chun feidhme bheartas sláinte na hÉireann ▪ ceapadh beartais bunaithe ar fhianaise, nuálaíocht agus leas an phobail a chur chun cinn ▪ creataí náisiúnta pleanála a stiúradh le haghaidh na hearnála sláinte ar fad, bíodh sí poiblí nó príobháideach ▪ na leibhéil is airde sábháilteachta othar agus cháilíochta a chur chun cinn trí chórais cheadúnúcháin, trí chórais éifeachtachta cliniúla, trí thionscnaimh spriocdhírthe sábháilteachta othar, trí chórais slánaíochta agus trí chórais dearbhaithe inniúlachta ▪ leas iomlán a bhaint as eolas, scileanna agus tacaíocht an chórais sláinte ar fad chun cuspóirí comhaontaithe a fhorbairt ▪ straitéisí cumarsáide a fhorbairt chun a luachmhaire atá beartais, seirbhísí agus torthaí sláinte a léiriú ▪ cur chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an chórais ar thorthaí sláinte agus sóisialta a bhaint amach 	Maoirseacht rialachais agus feidhmíochta chun seirbhísí cuntasacha ar ardchaighdeán a chinntiú <ul style="list-style-type: none"> ▪ bheith i gceannas ar dheardh agus ailtireacht na hearnála sláinte ar fad ▪ tosaíochtaí agus caighdeáin feidhmíochta a shocrú agus a chur in iúl ▪ bheith i gceannas ar an idirbheartaíocht maidir le hacmhainní agus a chinntiú go leithdháilfear iad i gcomhréir le hoibleagáidí luach ar airgead a bhaineann le cistí poiblí ▪ córais mhaoirseachta feidhmíochta agus teicnící chun an córas a choimeád cuntasach a chur chun feidhme trí shainiú spriocanna, trí fhaireachán, trí mheastóireacht agus trí mheasúnacht tionchair ▪ tacú leis an Aire, leis na hAíré Stáit agus le hoifigigh na Roinne oibleagáidí cuntasachta don Oireachtas agus don phobal a chomhlíonadh
Timpeallacht eagraíochta ina mbaintear ardfheidhmíocht amach, ina dtugtar meas ar oibriú comhoibríoch agus ina bhforbraítear eolas agus scileanna na mball foirne ar bhonn leanúnach <ul style="list-style-type: none"> ▪ feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach chun eolas a mhéadú ar fud na heagraíochta ar spriocanna, ar luachanna, ar straitéisí agus ar phróisis, agus cabhrú le baill foirne cur le forbairt agus rath na heagraíochta ▪ tacaí agus timpeallacht oibre a chur ar fáil lena gcinntítear go dtabharfar meas do gach ball foirne, go gcuimseofar dóibh a ndícheall a dhéanamh agus go dtabharfar deiseanna dóibh chun foghlaim agus chun forbairt ▪ a chinntiú go ndéanfar feidhmíocht a mheas agus a bhainistiú go héifeachtach ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal foirne agus ar leibhéal corparáideach ▪ aitheantas a ghnóthú as ár dtiomantas do thimpeallacht thacúil oibre ardfheidhmíochta a chur ar fáil ▪ tacú le baill foirne rochtain a fháil ar fhianaise níos fearr agus ar thuairimí saoránach 	Comhoibriú chun tosaíochtaí sláinte a bhaint amach agus cur le mórspríocanna sóisialta agus geilleagracha <ul style="list-style-type: none"> ▪ comhoibriú ar fud earnálacha, ranna agus geallsealbhoirí chun Éire atá sláintiúil agus baint amach torthaí sláinte tosaíochta a chur chun cinn, go háirithe dóibh sin atá sa bhaol is mó ▪ an méid a chuireann pobal sláintiúil agus an tseirbhís sláinte leis an ngeilleagar a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus comhpháirtíochtaí leis an lucht tionscail agus leis an lucht léinn ▪ cur le cineálacha cur chuige uile-Rialtais maidir le mórtosaíochtaí sóisialta agus geilleagracha

Ár Luachanna:		
Éiteas daingean seirbhíse poiblí a chuimsíonn neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas	Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead	Na caighdeáin is airde ghairmiúlachta, cheannaireachta agus déine

3. An Timpeallacht Oibriúcháin – Deiseanna agus Dúshláin


Oibríonn an Roinn i dtimpeallacht an-chasta, áit a gcuireann sí ról ceannaireachta ar fáil d’earnáil an-éagsúil an-leathan ina bhfuil raon mór geallsealbhóirí. Rachaidh roinnt tosca difriúla i bhfeidhm ar an timpeallacht sin thar na trí bliana atá romhainn, lena n-áireofar iad seo a leanas:

Tosca Geilleagracha: Táimid tar éis fillleadh ar fhás geilleagrach marthanach le cúpla bliain anuas. Is é an téarnamh sin an bonn atá le hinfheistíocht athnuaithe i seirbhísí poiblí ríthábhachtacha – seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ina measc. Cé go gcuirfear infheistíocht shuntasach bhreise ar fáil don earnáil sna blianta 2016 agus 2017, tá rioscaí geilleagracha agus srianta fíoscacha ann go fóill. Meastar go mbeidh fás geilleagrach leanúnach ann sna blianta atá romhainn, fás a chuirfear ar ár gcumas tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí. Le Rialacha Fíoscacha AE, áfach, cuirfear srian leis an ráta fáis ó thaobh caiteachais de. Dá bhrí sin, beidh orainn bheith chomh héifeachtach agus is féidir agus sinn ag freastal ar éilimh reatha agus nua an phobail.

Tosca Polaitiúla: Sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, leagtar amach clár uailmhianach do gach gné den earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh. Cuimsíonn an Clár 139 ngealltanas aonair. Is é an tosaíocht uileghabhálach atá leis an gclár ná rochtain a mhéadú ar chúram atá sábháilte agus tráthúil agus a sholáthraítear chomh gar don bhaile agus is féidir. Gealltar sa Chlár freisin do Choiste Uile-Pháirtí Oireachtais a bhunú, rud a mbeidh fíis fhadtéarmach aonair aige don chúram sláinte ar feadh tréimhse 10 mbliana agus a oibreoidh de réir comhaontú traspháirtí. Cuireadh an Coiste um Chúram Sláinte sa Toghchán ar bun i mí an Mheithimh 2016 agus tá dualgas air tuairisc a thabhairt ar a chuid oibre i mí Eanáir 2017.

Tosca Idirnáisiúnta: Mar gheall ar an gcinneadh ón Ríocht Aontaithe AE a fhágáil, beidh gá ann le socrúithe nua a chomhaontú le haghaidh seirbhísí agus comhoibriú trasteorann i réimse na sláinte. Déanfaidh an Roinn a dícheall a chinntiú go gcosnófar leasanna mhuintir na hÉireann san idirbheartaíocht chun socrú nua a chomhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus AE. Beidh sé mar phríomhthosaíocht againn a chinntiú go ndéanfar a laghad cur isteach agus is féidir ar réimse na sláinte agus go gcoinneofar seirbhísí riachtanacha ar bun ag an am céanna.

Brúnna Éilimh: Leanann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh le bheith faoi réir mórbhrúnna déimeagrafacha agus faoi réir ualach méadaitheach a bhaineann le galar ainsealach. Tá an daonra



foriomlán ag méadú go seasta le deich mbliana anuas agus meastar go méadóidh sé faoi 4.9% eile faoin mbliain 2021.

Tá an daonra ag aosú freisin (féach an graf dar teideal Pirimid an Daonra) agus is as sin a thagann riachtanais bhreise chúraim. De réir réamh-mheastachán, méadóidh an líon daoine atá 65 bliana d’aois nó níos sine faoi 38% idir na blianta 2011 agus 2021. Bíonn an líon daoine atá 85 bliana d’aois nó níos sine ag méadú faoi thart ar 3.3% gach bliain freisin.¹

I dteannta na mbrúnna déimeagrafacha sin, tá brúnna eile á gcur ar an gcóras mar gheall ar chineál agus ar chastacht athraitheach an chúraim a theastaíonn. Tá pobal atá ag aosú agus tosca stíl mhaireachtála ag cur le méadú géar ar an líon cásanna galair ainsealaigh lena ngabhann ilghalracha. Tá galar ainsealach amháin ar thart ar 38% d’Éireannaigh os cionn 50 bliain d’aois agus is ar 11% d’Éireannaigh atá níos mó ná galar ainsealach amháin.

Plean Athnuachana na Státseirbhíse: Soláthraítear sa Phlean seo creat le haghaidh an Státseirbhís a athnuachan agus acmhainn na Státseirbhíse agus a ball foirne a fhorbairt agus feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht.

Ceartha an Duine agus Comhionannas: Is eol don Roinn go bhfuil freagracht uirthi as a chinntiú go leabófar ar fud obair na Roinne prionsabail Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le cearta an duine agus comhionannas. Sampla den méid sin is ea an tiomantas atá ag an Roinn do chóras cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine agus lena dtacaítear (i measc nithe eile) le rannpháirtíocht éifeachtach iomlán daoine faoi mhíchumas sa tsochaí ar bhonn comhionannais, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (féach an rannán Maireachtáil Neamhspleách faoi Chuspóir 1 ar leathanach 9).

Comhoibriú le Ranna eile agus le Comhlachtaí Earnála Poiblí: Má táthar chun cuid mhór de chuspóirí na Roinne agus de mhórchuspóirí an Rialtais a bhaint amach, beidh sé riachtanach leanúint le caidreamh láidir oibre a fhorbairt le Ranna agus le Comhlachtaí eile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne (féach Aguisín 2).

An Measúnú Náisiúnta Riosca: Sa Mheasúnú Náisiúnta Riosca ar fhoilsigh Roinn an Taoisigh é, sainaithnítear roinnt rioscaí lena ngabhann impleachtaí don tsláinte. I measc na rioscaí sin tá rioscaí geilleagracha; an tionchar a bheidh ag imeacht na Breataine ó AE (“Breaitimeacht”); an t-athrú aeráide agus eachtraí adhaimsire; sábháilteacht bia; méadú ar ghalair ainsealacha; mórfhaindeim; éilliú núicléach; agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Chomh maith leis sin, cloíonn an Roinn leis na ceithre phrionsabal a bhaineann le Rialachas, Struchtúir, Bainistíocht agus Tuairisciú agus leis na treoirlínte gaolmhara atá sa Treoir maidir le Bainistíocht Riosca do Ranna Rialtais ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Feabhra 2016).

Acht na dTeangacha Oifigiúla: Tá an Roinn tiomanta go hiomlán do fhreastal ar dhaoine ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn trí mheán na Gaeilge. Sa chomhthéacs sin, cloíonn an Roinn le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá an Ráiteas Straitéise seo foilsithe go dátheangach freisin.

¹ Is féidir tuilleadh staitisticí faoin tseirbhís sláinte agus faoi shláinte an phobail a fháil ag <http://health.gov.ie/publications-research/statistics/>

(B) Cuspóirí Straitéiseacha - Réamhrá

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Ní straitéis don tSeirbhís Sláinte é, mar sin. Ina ionad sin, is ráiteas corparáideach straitéise é ina bpléitear le hobair agus le gníomhaíochtaí na Roinne Sláinte. Ina ainneoin sin, is bailí do na trí bliana atá romhainn atá Mísean foriomlán na Roinne mar a bhí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise roimhe seo. Is é an cuspóir sin ná feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- daoine a choinneáil sláintiúil;
- an cúram sláinte atá ag teastáil ó dhaoine a chur ar fáil;
- seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar; agus
- an luach is fearr a bhaint as acmhainní an chórais sláinte.

D'ullmhaigh an Roinn páipéar dar teideal *Sláinte Níos Fearr, Feabhas a Chur ar Chúram Sláinte* sa bhliain 2016, rud inar leagadh amach dearcadh straitéiseach don Aire Sláinte nua. Ina theannta sin, leagadh líon suntasach gníomhartha ar an Roinn faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta. Cuireadh roinnt téamaí bunúsacha sna doiciméid sin san áireamh le linn an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú. Áirítear iad seo a leanas leis na téarmaí sin:

Riachtanais Athraitheacha Chúram Sláinte: Tá méadú suntasach tagtha ar an ionchas saoil in Éirinn le deich mbliana anuas. Idir na blianta 2003 agus 2014, mhéadaigh an t-ionchas saoil in Éirinn ó 75.7 bliain go 79.3 bliain d'fhir agus ó 80.7 bliain go 83.5 bliain do mhná (foinse: Eurostat). Is forbairt dhearfach é sin a bhfuil feabhsuithe ar chúram sláinte ar cheann de na tosca taobh thiar di. Már thoradh ar mheascán den fhorbairt sin agus de na hathruithe ar shreafaí imirce a chonacthas sna 1960í, is amhlaidh go bhfuil an líon daoine scothaosta in Éirinn ag méadú go tapa. Tá iarmhairtí suntasacha ag an méid sin don éileamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Amhail i gcás geilleagar sárghorbartha eile, tá méadú ag teacht ar ualach an ghalair ainsealaigh in Éirinn, i.e. riochtaí nach bhfaightear ó dhuine eile agus a mhaireann tréimhse fhada. Tá galar ainsealach amháin ar thart ar 38% d'Éireannaigh os cionn 50 bliain d'aois agus is ar 11% d'Éireannaigh atá níos mó ná galar ainsealach amháin. Tá galar ainsealach freagrach as 80% de na cuairteanna uile a thugtar ar liachleachtóirí ginearálta, as 40% de na daoine uile a chuirtear isteach sna hospidéal, agus as 75% de na laethanta leapa uile a chaitear sna hospidéal. De réir mar a mhéadaíonn an líon daoine scothaosta, is amhlaidh go mbeidh méadú ann freisin ar an líon daoine a bhfuil galar ainsealach orthu. Maidir leis sin, cruthóidh an líon daoine a bhfuil níos mó ná galar ainsealach amháin orthu dúshlán ar leith don tsamhail reatha chúraim.

An riachtanas atá ann le Samhail nua Chúraim: Cruthaíonn an patrún athraitheach riachtanais dúshlán ar leith dár samhail chúraim. Go traidisiúnta, tá seirbhísí sláinte in Éirinn tagtha chun cinn as córas a bhí scoilte, a bhí bunaithe an iomarca ar chúram ospidéal agus inar díriodh ar bhabhtaí cúraim ar leith a sholáthar. Is é an dúshlán leanúnach atá ann ná samhail chúraim a cheapadh atá níos comhtháite agus níos leanúnaí, atá níos dírithe ar an duine agus a sholáthrófar ar an mbealach is simplí agus i gcomhréir le sábháilteacht othar. Gealltar sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go n-aistreofar go cinntitheach chuig Cúram Príomhúil mar mhodh chun seirbhísí sláinte a sholáthar in Éirinn. Mar sin, tá cúram príomhúil ina ghné lárnach de sheirbhís sláinte níos comhtháite a fhorbairt. Dá bhrí sin, is gá cúram príomhúil a fhorbairt agus ról sainráite a thabhairt dó maidir le comhordú agus le bainistíocht cásanna. Is gá freisin codanna eile den tseirbhís sláinte a athrú agus a athchóiriú go leanúnach ar mhaithe le seirbhís a fhorbairt atá níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine. Agus measúnú á dhéanamh ar an riachtanas le hinfheistíocht leanúnach sa tseirbhís sláinte, tá sé tábhachtach tuiscint níos doimhne a ghnóthú ar na hathruithe is gá a

dhéanamh ar an tsamhail chúraim a úsáidtear. Is amhlaidh atá sé sin toisc gur fearr feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear cúram do dhaoine ná acmhainn bhreise a chur ar fáil má táimid chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar an mbealach is inacmhainne is féidir. Sa luathchuid de thréimhse na straitéise seo, tabharfaidh an Roinn faoi roinnt tionscadal ina ndíreofar ar an tsamhail chúraim tosaíochta ar fud roinnt suíomhanna seirbhíse in Éirinn a shonrú.

Gníomhaíocht ghearrthéarmach agus béim fhadtéarmach a chomhcheangal: Bainfidh gné thábhachtach d’obair na Roinne le sárú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh na seirbhísí sláinte faoi láthair. Áirítear leis na dúshláin sin feabhas a chur ar Amanna Eispéiris Othar i rannóga éigeandála agus liostaí feithimh a laghdú. Má táthar chun dul chun cinn marthanach inbhuanaithe a bhaint amach ag an am céanna maidir le freastal ar riachtanais seirbhíse, beifear ag brath ar mhór-athchóiriú a bhaint amach idir an méantéarma agus an fadtéarma. Áirítear leis an athchóiriú sin na bearta sláinte pobail a thagann faoi scáth an chreata Éire Shláintiúil, an tsamhail bhunúsach chúraim a athrú, agus athchóirithe a dhéanamh ar struchtúr bainistíochta na seirbhíse sláinte. I gcás struchtúr bainistíochta na seirbhíse sláinte, is gá athchóiriú a sholáthar ar bhealach atá comhsheasmhach le soláthar leanúnach seirbhísí. Maidir leis an bhfís don fhadtéarma, chuir an tOireachtas an Coiste uile-pháirtí Oireachtais um Chúram Sláinte sa Todhchaí ar bun. Meastar go gcríochnóidh an Coiste a chuid oibre go luath sa bhliain 2017 agus tuilleadh treorach a chur ar fáil maidir leis an mbeartas foriomlán sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Feidhmíocht agus Cuntasacht: Ceann de phríomhthéamaí an Ráitis Straitéise seo is ea an gá atá ann le maoirseacht a choinneáil agus a fheabhsú ar an gcóras soláthar seirbhíse, go háirithe maidir le cur chun feidhme an Chreata nua Feidhmíochta agus Cuntasachta d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá sé sin ar cheann amháin de roinnt forbairtí a bhfuil an Roinn ag tacú leo i struchtúr na dtacaí oibriúcháin don tseirbhís sláinte. Le himeacht ama, beidh an Roinn ag féachaint le creat pobalbhunaithe a ullmhú le haghaidh beartas fianaisebhunaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme agus le haghaidh seirbhísí sláinte a phleanáil, a eagrú agus a mheas. Chun déanamh amhlaidh, beidh ar phleanálaithe, ar sholáthraithe agus ar an bhfórsa saothair sláinte béim mhéadaithe a chur ar riachtanais sláinte an phobail. Beidh orthu bheith freagrúil d’athruithe sna riachtanais sin freisin.

Is bunaithe ar na téamaí sin atá na 5 chuspóir straitéiseacha thíos (tábla 1). Is é an aidhm atá leo leanúint leis an bpróiseas reatha athchóirithe agus an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta a chur chun feidhme. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb idirghaolmhar agus idirspleách atá na cuspóirí sin go pointe éigin. Cé go bhfuil cuid mhór tionscnamh ina dtosaíochtaí beartais cheana féin, tá gá ann anois le hathrú agus le cur chun feidhme níos doimhne agus níos sistéamaí laistigh dár gcóras.

Toisc go gcuimsítear sa Ráiteas Straitéise seo tréimhse trí bliana, tá gá ann le breithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí na Roinne do gach bliain de shaolré na Straitéise. Tá sé i gceist go n-éascófar an breithniú sin trí Ráiteas Bliantúil nua ar Thosaíochtaí ón Roinn. Beidh an Ráiteas ar Thosaíochtaí ina aschur ón bpróiseas bliantúil pleanála gnó agus liostófar ann aschuir thosaíochta na Roinne don bhliain, lena n-áirítear amlínte lena mbaint amach.

Tábla 1:	Na 5 Chuspóir Straitéiseacha:
1.	Tacú le daoine saol sláintiúil neamhspleách a chaitheamh
2.	A chinntiú go soláthrófar cúram sláinte agus cúram sóisialach atá sábháilte agus ar ardchaighdeán

- | |
|---|
| 3. Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine |
| 4. Bainistíocht éifeachtach éifeachtúil seirbhísí sláinte a chur chun cinn |
| 5. Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi |

1. Tacú le daoine saol sláintiúil neamhspleách a chaitheamh

An clár oibre Éire Shláintiúil

Cosc, luath-idirghabháil agus daoine a chumhachtú chun aire a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin, is iad sin gnéithe riachtanacha den straitéis Éire Shláintiúil, an creat ‘uile-Rialtais’ le haghaidh feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine agus ar shaol daoine. Tá sé sin tábhachtach go háirithe maidir le dul i ngleic leis an méadú atá tagtha ar chásanna galair ainsealaigh in Éirinn agus maidir le haghaidh a thabhairt ar éagothroime sláinte agus ar dheacrachtaí meabhairshláinte.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas ar dhea-shláinte pobail a chur chun cinn agus ar dhul i ngleic le raon éagsúil dúshlán sláinte poiblí. Tríd is tríd, is soiléir atá an treo beartais maidir leis na mórdhúshlán sin anois. Tá an treo sin leagtha amach i bpleananna foilsithe agus i mbeartais fhoilsithe araon. Áirítear leo sin: Éire atá Saor ó Thobac; an Beartas agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall; an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil; an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach; an Straitéis Náisiúnta um Mí-Úsáid Substaintí; agus an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach (atá ar fáil ag <http://health.gov.ie/healthy-ireland/>).

Díreoimid tuilleadh as seo amach ar chur chun feidhme na mbeartas sin a bhrú chun cinn, agus ar fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an obair sin, i gcomhar le Ranna eile Rialtais agus le geallsealbhóirí trasearnála. Áireofar leis sin tionscnaimh a bheidh ar siúl in údaráis áitiúla, in ionaid oibre, i saoráidí oideachais agus i bpobail. Leanfar le hobair ar bhearta eile a fhorbairt chun srian a chur leis an dochar a bhaineann le húsáid alcóil agus chun ár mbearta rialaithe tobac a neartú. Ina theannta sin, cuirfidh cur chuige sláinte agus folláine bonn eolais faoin obair chun straitéisí nua a fhorbairt i réimsí amhail Drugaí agus Meabhairshláinte agus tacóidh sé leis an obair sin.

Gnéithe riachtanacha eile dár sláinte agus dár bhfolláine is ea sábháilteacht bia agus caighdeán sláinteachais. Is gá faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí chun cabhrú leo roghanna eolacha a dhéanamh faoin mbia a bheartaíonn siad a cheannach, e.g. faisnéis cothaithe. Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair le geallsealbhóirí chun reachtaíocht agus beartais a chur ar aghaidh lena dtacaítear leis na cuspóirí sin.

Cosaint Sláinte agus Scagthástáil Sláinte

Leanfaidh an Roinn le forbairt a dhéanamh ar chreataí oiriúnacha beartais agus reachtacha chun tacú le cosaint sláinte poiblí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: galair thógálacha a rialú; cláir náisiúnta imdhíonta, vacsaínithe agus scagthástála ailse; pleanáil náisiúnta chúil le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí (lena n-áirítear fliú paindéime agus cur chun feidhme a dhéanamh ar rialacháin Idirnáisiúnta Sláinte); rannchuidiú a dhéanamh agus an beartas cosanta sláinte á fhorbairt ar leibhéal AE agus ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Sláinte; agus faireachán a dhéanamh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gach beartas agus gach píosa reachtaíochta den sórt sin á gcur chun feidhme aici.

Maireachtáil Neamhspleách

Má chumasaítear do dhaoine maireachtáil go neamhspleách agus saol gníomhach a chaitheamh ina bpobal, agus má thacaítear leo déanamh amhlaidh, beifear in ann fíordhífriocht a dhéanamh do cháilíocht beatha an duine lena mbaineann agus deis a thabhairt do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil tinneas orthu a lánacmhainn a bhaint amach.

Chun an méid sin a dhéanamh, is gá cur chuige luath-idirghabhála a ghlacadh agus cúram agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn pearsantaithe. Tá an Roinn tiomanta do chóras cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine, ar córas é:

- Lena dtacaítear le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách agus le dínit ina dteach féin agus ina bpobal féin ar feadh na tréimhse is faide is féidir;
- Lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte ar an leibhéal is ísle castachta, agus béim á cur ar athshlánú agus ar théarnamh ar leibhéal pobail;
- Lena dtacaítear le rannpháirtíocht éifeachtach iomlán daoine faoi mhíchumas sa tsochaí ar bhonn comhionannais, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Má táthar chun an uaimhian sin a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach seirbhísí amhail cúnamh baile agus cúram baile, tacaí do chúraimí, seirbhísí faoisimh, áiseanna agus fearais a chur ar fáil. Tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfar pleanáil agus soláthar na seirbhísí sin a chomhtháthú le raon níos leithne tacaí atá á soláthar in earnálacha eile. Áirítear leo sin an earnáil tithíochta, an earnáil oideachais agus oiliúna, an earnáil fostaíochta agus an earnáil iompair toisc go gcuirtear tacaí riachtanacha ar fáil iontu chun samhlacha maireachtála níos neamhspleáiche agus níos cuimsithí a chur chun cinn.

Cuspóir Straitéiseach: Tacú le daoine saol sláintiúil neamhspleách a chaitheamh

Gníomhartha [Leagtha amach thíos, agus an amlíne ábhartha tugtha idir lúbíní]:

Éire Shláintiúil

- Cur chun feidhme na mbeartas agus na straitéisí sláinte agus folláine a bhrú chun cinn agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an obair sin
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Mí-Úsáid Substaintí
- Reachtaíocht Sláinte Poiblí a thabhairt isteach i dtaca le halcól, agus maoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme [2016-2017]
- An Plean Éire atá Saor ó Thobac a chur chun feidhme, lena n-áirítear:
 - An tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac)
 - Reachtaíocht maidir le táirgí tobac a dhíol agus córais chun nicitín neamhheigheasach a sholáthar
 - An Treoir um Tháirgí Tobac ó AE a chur chun feidhme
- An Beartas agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Murtall a chur chun feidhme i gcomhpháirt le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear:
 - Treoirínte athbhreithnithe maidir le Réim Shláintiúil Bia a fhoilsiú
 - Cód Cleachtais nua don Tionscal
 - Beartas Cothaithe a cheapadh
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach
- An togra maidir le tobhach ar Dheochanna Milsithe a chur i gcrích agus an beart a thabhairt isteach ina dhiaidh sin [2018]
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil
- Straitéis Sláinte Béil a fhoilsiú agus maoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme
- Creat náisiúnta um ‘Ionad Sláintiúil Oibre’ a cheapadh
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí clár ‘Corpachmhainneach don Obair’ a cheapadh
- Reachtaíocht Sláinte agus Folláine a cheapadh maidir le Postáil Calraí agus maidir le Folláine san Ionad Oibre [2018]
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Aosú Dearfach
- Leagan nua den Straitéis Náisiúnta Drugaí a fhoilsiú agus maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme
- Ciste Éire Shláintiúil a bhunú chun tacú le gníomhaíocht trasearnála [2017]
- Clár a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar chaighdeán an bhia inár gcuid ospidéal [2017]
- An Suirbhé Éire Shláintiúil a sheoladh gach bliain
- Creat torthaí Éire Shláintiúil a fhoilsiú [2017]
- *Ceangal ar son na Beatha*, arb é an straitéis náisiúnta chun an féinmharú a laghdú é, a chur chun

feidhme, lena n-áirítear plean um meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn a cheapadh

- Obair i ndlúthchomhar le ROS, le RLGÓ, le RCPÁ² agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar thionscnaimh mheabhairshláinte agus folláine óige, lena n-áirítear an Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige agus Tionscadal Pathfinder [2016-2017]
- A chinntiú go mbeidh creataí dlí, beartais agus struchtúir ábhartha atá cuí i bhfeidhm chun na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach

Cosaint Sláinte agus Scagthástáil Sláinte

- Clár vacsaínithe Rótaivíris agus Mheiningíteas B a chur i bhfeidhm do leanaí
- Clár fheabhsaithe scagthástála ailse a chur i bhfeidhm – BreastCheck, CervicalCheck agus Bowelscreen. Oibreoidh an Roinn leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú ar sheirbhísí BreastCheck a leathnú chuig mná idir 65 bliana d’aois agus 69 mbliana d’aois
- Reachtaíocht a cheapadh lena bhforálfar do shaoráidí insteallta faoi mhaoirseacht a bhunú [2017]

Maireachtáil Neamhspleách

- Obair le geallsealbhóirí ábhartha chun an Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí a chur chun feidhme
- Tacú le cur chun feidhme an chláir um *Shaoilta a Bhunathrú* agus maoirseacht agus faireachán ar an obair sin
- Athchumrú seirbhísí lae do dhaoine fásta a chur ar aghaidh, lena n-áirítear seirbhísí agus tacaí cuí a chur ar fáil do luathfhágálaithe scoile atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais leanúnacha tacaíochta acu, faoi mar atá molta sa tuarascáil *New Directions: Review of HSE Adult Day Services*
- Athchumrú seirbhísí cónaithe a chur ar aghaidh, faoi mar atá molta sa doiciméad *Time to Move on from Congregated Settings*
- An Tascfhórsa um Buiséid Phearsantaithe a stiúradh ar mhaithe le tuilleadh neamhspleáchais, roghanna agus rialaithe a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag teacht ar sheirbhísí sóisialta pearsanta agus ar thacaí pearsanta a gcistíonn an tseirbhís sláinte iad [2017]
- Reachtaíocht a cheapadh le haghaidh scéim nua a thabhairt isteach chun cúnamh a thabhairt do dhaoine áirithe faoi mhíchumas a mbíonn deacracht ar leith acu teacht ar iompar, agus é mar aidhm leis an scéim cabhrú leo freastal ar na costais bhreise soghluaisteachta a bhíonn acu
- Tograí beartais a cheapadh le haghaidh cúram baile a mhaoiniú agus a rialáil do dhaoine a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha acu
- I gcomhar le hearnálacha eile agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tograí beartais a cheapadh chun tacaí pobalbhunaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear roghanna feabhsaithe nuálacha tithíochta

Torthaí:

- ✓ Caithfidh daoine saol níos faide agus níos sláintiúla i dtimpeallachtaí slána sábháilte
- ✓ Is ar bhonn trasearnála a chomhroinnfear an fhreagracht as aghaidh a thabhairt ar na tosca sóisialta is cinntithigh le sláinte
- ✓ Cumasófar do dhaoine de gach aois agus de gach cumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oideachais, oibre agus fóillíochta de réir a lánacmhainne
- ✓ Beidh leanaí gníomhach agus sláintiúil agus beidh dea-fholláine fhisiciúil agus mheabhrach acu
- ✓ Beidh tuilleadh daoine ag maireachtáil go neamhspleách, agus tacaíocht á fáil acu sa phobal
- ✓ Cosnófar an pobal ar bhagairtí ar shláinte agus ar fholláine trí chlár imdhíonta, trí chlár scagthástála agus trí bhearta eile luath-idirghabhála
- ✓ Braithfidh othair agus úsáideoirí seirbhíse agus a gcúramóirí go bhfuil ról acu ina gcúram

² ROS= an Roinn Oideachais agus Scileanna; RLGÓ= an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; RCPÁ=an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

2. A chinntiú go soláthrófar cúram sláinte agus cúram sóisialach atá sábháilte agus ar ardchaighdeán

Sábháilteacht Othar agus Cáilíocht Fheabhsaithe

Tá sábháilteacht othar ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá againn go fóill agus tá sí taobh thiar dár n-obair ar fad chun beartais agus seirbhísí a sholáthar. Tá an Roinn tiomanta do mhórchlár athchóirithe ar shábháilteacht othar a sholáthar. Díritear sa chlár sin ar thionscnaimh amhail reachtaíocht nua, seirbhís náisiúnta tathanta othar a bhunú, córas náisiúnta nua faireachais sábháilteachta othar a thabhairt isteach, eispéireas othar a thomhas, an clár oibre um éifeachtacht chliniciúil a leathnú, agus Comhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Othar a chur ar bun. Is í Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar a stiúrfaidh an clár um athchóirithe sábháilteachta othar. Cuirfear an Oifig ar bun laistigh den Roinn Sláinte go luath sa bhliain 2016.

Tá feabhsuithe suntasacha ar chúram othar, lena n-áiríodh cáilíocht agus sábháilteacht othar, bainte amach i roinnt réimsí le blianta beaga anuas trí níos mó ná tríocha Clár Cliniciúla Náisiúnta a thabhairt isteach, ar cláir iad atá á stiúradh ag gairmithe cliniciúla agus a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chúram othar trí fhorbairt a dhéanamh ar shamhlacha caighdeánacha cúraim agus ar threoirínte cliniciúla fianaisebhunaithe. Tá na cláir sin á gcomhlánú le roinnt Clár Cúraim Chomhtháite faoi láthair. Tá sraith straitéisí náisiúnta á bhforbairt i bpríomhréimsí seirbhíse freisin. Foilsíodh straitéis náisiúnta máithreachais cheana féin agus tá straitéisí um chúram ailse agus um chúram tráma á gceapadh faoi láthair.

Éifeachtacht Chliniciúil

Má tá sí chun seirbhísí cúraim atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a chinntiú, is gá don Roinn breithniú a dhéanamh ar cad iad na próisis chinnteoireachta fianaisebhunaithe is oiriúnaí do bheartas lena bhféadtar na torthaí sláinte is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh leibhéal infheistíochta ar leith. Chuige sin, tá an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (CNÉC) ag forbairt cur chuige córasach struchtúrtha le blianta beaga anuas i leith treoirínte cliniciúla náisiúnta a chur in ord tosaíochta, a cheapadh agus a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de. Cuimsíonn an obair sin creataí cinnteoireachta a bhaineann le hathbhreithnithe córasacha ar fhianaise, anailísí ar impleachtaí buiséadacha, agus straitéisí chun breithniú a dhéanamh ar a indéanta atá sé beartas a chur chun feidhme agus ar na tosca taobh thiar de chur chun feidhme beartais. Leanfaidh CNÉC le treoirínte a cheapadh maidir le sábháilteacht othar agus cáilíocht.

Má ghactar cur chuige struchtúrtha córasach i leith na mórchinnteoireachta sa Roinn, agus leas á bhaint as critéir agus as próisis chaighdeánaithe amhail athbhreithnithe córasacha ar fhianaise agus anailísí ar impleachtaí buiséadacha, is amhlaidh go mbeifear in ann feabhas a chur ar chaighdeán na gcinntí, bonn eolais a chur faoi bheartú tosaíochta agus faoi cheapadh beartais, agus trédhearcacht agus cuntasacht a léiriú sa phróiseas cinnteoireachta. Sampla úsáideach de na tairbhí féideartha a ghabhann leis an gcur chuige sin is ea an obair a dhéanann CNÉC, mar atá leagtha amach thuas. I gcás mhórobair na Roinne ina leith sin, déanfaimid, thar na trí bliana atá romhainn, athbhreithniú agus forbairt ar na próisis chinnteoireachta lena dtacaítear le ceapadh beartais agus le beartú tosaíochta i roinnt réimsí tábhachtacha ina ndéileáiltear le hothair. I measc na réimsí sin tá an beartas imdhíonta; cláir scagthástála agus cláir eile choisctheacha atá dírithe ar an bpobal; beartais a bhaineann le húsáid fola, orgán agus fíochán eile; treoirínte maidir le sláinte a chur chun cinn agus a fheabhsú, e.g. aclaíocht, réim shláintiúil bia, úsáid alcóil agus úsáid cógas (idir chógais nua agus chógais atá ann cheana féin).

Seirbhísí Sláinte a Rialáil

Gné lárnach de sheirbhísí ospidéal a atheagrú is ea feasacht ar an ngá atá ann le seirbhísí atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá méadú tagtha ar an bhfeasacht ina leith sin i measc seirbhísí cónaithe, áit a ndéantar rialáil reachtúil ar ionaid chónaithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Ceadaíodh infheistíocht shuntasach chun tithe altranais poiblí a athchóiriú agus a athsholáthar idir na blianta 2016 agus 2021 ionas go mbeidh siad in ann caighdeán náisiúnta a chomhlíonadh.

Is é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) an tÚdarás neamhspleách a bunaíodh chun feabhas leanúnach a bhrú chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh phearsanta, chun faireachán

a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na seirbhísí sin agus chun cúram dírithe ar an duine a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal.

Leis an mBille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar (féach an gníomh faoi Chuspóir Straitéiseach 4), forálfar don tseirbhís sláinte phríobháideach a thabhairt faoi shainchúram HIQA maidir le caighdeán a leagan síos don tseirbhís, le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin agus le himscrúduithe a dhéanamh uirthi. Beidh sé sin ar an gcéad chéim ar an gconair i dtreo córas ceadúnúcháin a thabhairt isteach do sholáthraithe poiblí agus príobháideacha araon mar chuid de chur chuige céimnithe i leith rialáil san earnáil cúram sláinte. Maidir leis sin, tá Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Othar á fhorbairt faoi láthair chomh maith, rud lena dtabharfar córas foirmiúil ceadúnúcháin isteach do sholáthraithe cúraim shláinte phoiblí agus do sholáthraithe cúraim shláinte phríobháidigh.

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh sa bhliain 2002 faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 is ea an Coimisiún Meabhair-Shláinte. Is iad na príomhfheidhmeanna atá aige caighdeán arda agus dea-chleachtais a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú sa soláthar seirbhísí meabhairshláinte agus leas na n-othar a ligtear isteach go hainneonach a chosaint.

Gairmithe a Rialáil

Leanfaidh an Roinn le beartas agus reachtaíocht rialála a cheapadh le haghaidh gairmeacha áirithe sláinte agus le cumhacht a thabhairt do rialálaithe reachtúla na ngairmeacha sin.

Cuspóir Straitéiseach: A chinntiú go soláthrófar cúram sláinte agus cúram sóisialach atá sábháilte agus ar ardchaighdeán

Gníomhartha [Leagtha amach thíos, agus an amlíne ábhartha tugtha idir lúibíní]:

Sábháilteacht Othar agus Cáilíocht

- Sábháilteacht othar a neartú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar a bhunú [2017]
 - An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Othar a bhunú [2017]
 - Tacú le Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar a cheapadh i gcomhar le HIQA agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte [2017]
 - Scrúdú a dhéanamh ar na forálacha reachtúla atá ann maidir le gearáin a bhainistiú laistigh de sheirbhísí sláinte [2017]
 - Feidhm um fhaireachas náisiúnta sábháilteachta othar a bhunú [2018]
 - Samhail náisiúnta um sheirbhísí tathanta othar a cheapadh agus a chumasú [2017-2019]
 - An creat náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht othar agus rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas éifeachtachta cliniciúla a fhoilsiú [2017]
 - Socruithe slánaíochta a neartú le soláthraithe seirbhíse sláinte chun cáilíocht fheabhsaithe agus sábháilteacht fheabhsaithe othar a chumasú [2017]
- Cur leis an gcóras náisiúnta reatha um cháilíocht cúram sláinte a thuairisciú chun go n-áireofar táscairí maidir le heispéireas othar leis, agus leanúint le tuarascáil ina leith sin a fhoilsiú gach bliain
- Méadú a dhéanamh ar an tsraith treoirínte cliniciúla náisiúnta arna bhformhuiniú ag an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (CNÉC), lena n-áirítear treoirínte maidir le Máithreachas, d'fhonn samhlacha soláthar cúraim chliniciúil atá costéifeachtach a stiúradh
- An creat le haghaidh iniúcháireacht chliniciúil a cheapadh agus a leathnú, agus cur leis an tsraith Iniúchtaí Cliniciúla Náisiúnta ó CNÉC

Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach

- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach a cheapadh i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, rud a bheidh ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Domhanda ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte don bhliain 2015 [Lár 2017]

Rialáil

- An sainchúram rialála atá ar HIQA a leathnú chun go n-áireofar soláthraithe cúraim shláinte phríobháidigh leis
- Clárú na dtithe altranais poiblí agus na n-ionad do dhaoine faoi mhíchumas a chríochnú bunaithe ar chaighdeán agus ar amchláir athbhreithnithe
- An Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Othar a fhoilsiú, rud lena dtabharfar córas rialála isteach d'ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí agus d'ospidéal ghéarmhíochaine phríobháideacha araon agus do ghnáthaimh liachta ardriosca a dhéanfar i suíomhanna eile [2017]
- Leanúint le forálacha reachtacha maidir le Nochtadh Oscailte a chur ar aghaidh [2017]
- Foilsiú a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta de bhille chun atáirgeadh daonna cuidithe agus taighde gaschille a rialáil d'fhonn reachtaíocht a thabhairt isteach chun an réimse sin a rialáil den chéad uair riamh
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí sa Choimisiún Meabhair-Shláinte le haghaidh fheidmiú an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, agus sinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Rialáil gairmithe a neartú trí rialáil na 14 ghairm atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, a thabhairt chun deiridh
- Reachtaíocht nua a achtú chun leasú a dhéanamh ar gach Acht lena bpléitear le rialáil gairmithe sláinte de dhroim thrasú na Treorach Nuachóirithe maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (2013/55/AE) isteach i ndlí na hÉireann
- Reachtaíocht a ullmhú maidir le leagan nua d'Acht na bhFiaclóirí
- Tograí a cheapadh le haghaidh Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí a chur faoi réir rialáil ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Torthaí:

- ✓ Beidh córas neartaithe rialála ann le haghaidh sábháilteacht othar agus cáilíochta, rud a mbeidh ceannaireacht shoiléir agus treo soiléir ag gabháil leis
- ✓ Soláthrófar tionscnaimh níos fearr sábháilteachta othar agus cáilíochta trí fhaireachas feabhsaithe a dhéanamh ar threochtaí sábháilteachta othar agus ar an bhfianaise atá ann ina leith
- ✓ Cuirfear feabhas ar éifeachtacht chliniciúil, ar thorthaí cliniúla agus ar shábháilteacht othar trí chur chun feidhme a dhéanamh ar threoirí cliniúla atá fianaisebhunaithe agus ar ardchaighdeán agus trí obair iniúchóireachta
- ✓ Beidh sé de fhreagracht ar gach duine a chinntiú go soláthrófar cúram de réir an leibhéil is airde cháilíochta agus sábháilteachta
- ✓ Beidh samhail agus creat le haghaidh sábháilteacht othar agus cáilíochta i bhfeidhm ar fud na seirbhísí uile
- ✓ Beidh córas cuimsitheach rialála i bhfeidhm do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh
- ✓ Gheobhaidh daoine seirbhís atá sábháilte, measúil agus ar ardchaighdeán

3. Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine

Tá riachtanais sláinte agus chúraim shóisialaigh ag athrú. Mar sin, is gá leanúint le samhail chúraim a cheapadh atá níos comhtháite agus níos leanúnaí, atá níos dírithe ar an duine agus a sholáthraítear ar an mbealach is simplí agus i gcomhréir le sábháilteacht othar. Má dhéantar amhlaidh, beifear in ann eispéireas níos fearr othar agus torthaí níos fearr sláinte a chur ar fáil. Is gá an cur chuige sin a ghlacadh freisin chun seirbhísí sláinte a chumasú déileáil go héifeachtach le brúnna déimeagrafacha agus leis an ualach méadaitheach a bhaineann le galar ainsealach.

Aistriú chuig Cúram Príomhúil

Deimhníodh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go bhfuil an Rialtas tiomanta d'aistriú cinntitheach a dhéanamh chuig cúram príomhúil ionas gur féidir linn cúram níos cuimsithí a chur ar fáil do dhaoine laistigh dá bpobal féin. Is trí Chúram Príomhúil is féidir freastal ar fhormhór mór na riachtanas cúram sláinte ar an leibhéal is oiriúnaí castachta agus ar an mbealach is costéifeachtaí.

Thar na trí bliana atá romhainn, cuirfidh an Roinn béim athnuaite ar chúram príomhúil a fhorbairt ionas go mbeidh sé ábalta freastal ar na dúshláin reatha agus ar na dúshláin amach anseo a gcuirtear síos orthu sa doiciméad seo.

Tá sé tábhachtach gur ag gabháil le seirbhís sláinte príomhúla níos fearr agus níos comhtháite, áfach, a bheidh socruithe conarthacha cuí le haghaidh seirbhísí cleachtaidh ghinearálta. Oibreoidh an Roinn le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun teacht ar chur chuige cuimsitheach i leith socruithe conarthacha nuachóirithe a cheapadh agus a idirbheartú. Fágfaidh na socruithe sin go mbeifear in ann na samhlacha is cuí cúraim a sholáthar, lena n-áirítear galar ainsealach a bhainistiú ar bhealach struchtúrtha agus forálacha cuí cuntasáíochta a thabhairt isteach, agus go mbeifear in ann freagairt do chineál athraitheach an fhórsa saothair cleachtaidh ghinearálta freisin. Tá sé mar thosaíocht ag an Rialtas cúram liachleachtóirí ginearálta gan táill a leathnú chuig codanna áirithe den phobal, agus cuirfear obair ina leith sin ar aghaidh i gcomhairle le hionadaithe do liachleachtóirí ginearálta.

Cúram Sóisialach agus Meabhairshláinte

I gcomhar leis na hathchóirithe ar chúram sláinte, tá athruithe suntasacha déanta ar sheirbhísí cúraim shóisialaigh freisin ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais aonair ar bhealach níos fearr, agus béim á cur ar chineálacha pearsantaithe cur chuige, ar neamhspleáchas a choinneáil agus ar idirghabhálacha pobalbhunaithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn in Éirinn le blianta beaga anuas ar an soláthar cúraim shóisialaigh agus seirbhísí meabhairshláinte a bhogadh amach as institiúidí, ar sheirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt agus tacú le maireachtáil neamhspleách, agus ar rochtain a chur ar fáil do sheirbhísí príomhshrutha agus do shainseirbhísí nuair is gá.

Cuirfidh an Roinn leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus leanfaidh sí leis na hathchóirithe a bhrú chun cinn chun a chinntiú, ar deireadh, go mbainfidh gach duine tairbhe as seirbhísí atá níos indibhidiúlaithe agus níos freagrúla agus lena gcabhraítear leo saol níos fearr agus níos neamhspleáiche a chaitheamh laistigh dá bpobal féin. Tá raon gníomhartha chun tacú le maireachtáil neamhspleách leagtha amach faoi Chuspóir Straitéiseach 1. Rud ba leithne fós, tá an Roinn ag ceapadh beartas nua meabhairshláinte; tá sí ag tionscnamh athchóirithe lena gcuirfear leis na prionsabail atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; agus tá sí ag déanamh scrúdú ar chineálacha nuálacha feabhsaithe cur chuige i leith seirbhísí cúram baile, seirbhísí neartaithe cúram lae agus seirbhísí cónaithe ghearrthearmaigh a sholáthar agus ar shamhlacha nua cónaithe fhadtearmaigh a chur ar fáil do dhaoine scothaosta.

Seirbhísí Ospidéal agus Conairí Othar a Eagrú go Héifeachtach

Tá ról na n-ospidéal géarmhíochaine ag athrú i bhfianaise na n-athchóirithe leanúnacha ar chúram príomhúil agus ar chúram sóisialach agus i bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an dóigh a soláthraítear cúram sláinte. Leanfaidh an ról sin le bheith ag athrú idir na blianta 2016 agus 2019. Ceapfaidh an Roinn samhail fhoriomlán géarchúraim a bheidh bunaithe ar na cláir náisiúnta um chúram cliniciúil. Beidh sé mar aidhm leis an tsamhail nua tacú le seirbhísí cúraim phríomhúil agus cúraim shóisialaigh a gcuid cúraim a chomhordú agus a chomhtháthú ar bhealach níos fearr d'othair. Is é an cur

chuige comhtháite sin atá taobh thiar den obair chun samhlacha nua cúraim agus an beartas náisiúnta a cheapadh, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Máithreachais, an leagan nua den Straitéis Náisiúnta Ailse, agus beartas náisiúnta tráma. Laistigh de na hospidéal féin, leanfar le béim mhéadaithe a chur ar chonairí éifeachtacha othar, ar shreabhadh feabhsaithe othar agus ar chúram comhtháite atá dírithe ar an othar a sholáthar.

Déanfaidh an Roinn maoirseacht ar infheistíocht straitéiseach leanúnach sa tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr ar mhaithe leis an mórchlár oibre athchóirithe a chur chun feidhme agus ar mhaithe le seirbhís atá nua-aimseartha, sábháilte, freagrúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar.

Is gá seirbhísí ospidéal a atheagrú má táthar chun cúram atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir. Rud ríthábhachtach maidir le bunú na nGrúpaí Ospidéal is ea dul chun cinn a thaispeáint go luath ón aistriú ó ospidéal dhifriúla aonair ina ngrúpa comhtháite ospidéal. Cuirfidh an Roinn treoir straitéiseach náisiúnta ar fáil maidir le heagrú amach anseo sainseirbhísí for-réigiúnacha agus náisiúnta. Chomh maith leis sin, tabharfaidh sí tacaíocht do Ghrúpaí Ospidéal chun na cláir náisiúnta um chúram cliniciúil a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann siad leis an dóigh a n-eagraítear seirbhísí éigeandála, cúram criticiúil agus seirbhísí géarmhíochaine agus géarmháinliachta.

Mórthosaíocht thar thréimhse na Straitéise seo a bheidh in Ospidéal nua do Leanaí a thógáil agus i gClár Comhtháthaithe an Ospidéal do Leanaí a sholáthar. Ina theannta sin, leanfaimid le cleachtais sábháilteachta othar agus cháilíochta a fhorbairt san earnáil géarmhíochaine agus le hacmhainn a mhéadú i measc ospidéal ghéarmhíochaine.

Cuspóir Straitéiseach: Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialaigh a chruthú atá níos freagrúla, níos comhtháite agus níos dírithe ar an duine

Gníomhartha [Leagtha amach thíos, agus an amlíne ábhartha tugtha idir lúibíní]:

Tionscnaimh ar fud na hearnála sláinte:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainn atá ann ar fud na hearnála sláinte chun tacú leis an ngealltanas a thugtar sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta riachtanais acmhainne amach anseo ar fud an chórais a chinneadh
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme clár cúraim chomhtháite ar mhaithe le samhlacha comhtháite cúraim a fhorbairt
- Beartas a cheapadh maidir le haltranas agus cnáimhseachas a sholáthar sa phobal amach anseo, agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais sin, ar mhaithe le comhtháthú cúraim phríomhúil agus géarsheirbhísí altranais agus cnáimhseachais a bhrú chun cinn [2017 - 2018]
- Ardchleachtas agus sainchleachtas altranais agus cnáimhseachais a fhorbairt tuilleadh [2017]
- Cur chun feidhme straitéisí náisiúnta a bhrú chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar an obair sin, lena n-áirítear maidir leis na nithe seo a leanas: An Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026; an Straitéis Náisiúnta Ailse 2016-2026; agus an líonra Uile-Oileáin um ghalar croí péidiatraiceach ón mbroinn

Cúram Príomhúil

I gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tús áite a thabhairt do sheirbhísí cuimsitheacha cúraim phríomhúil a cheapadh mar bhunsraith do shamhail nua agus níos comhtháite um chúram sláinte agus cúram sóisialach, lena n-áirítear:

- Obair foirne ildisciplíneach a fhorbairt tuilleadh i measc seirbhísí cúraim phríomhúil
- An fórsa saothair cúraim phríomhúil a phleanáil agus acmhainní a chur ar fáil dó
- Soláthar na hacmhainne bonneagair a theastaíonn a chur chun cinn chun tacú le seirbhísí cúraim phríomhúil atá níos cuimsithí agus níos comhtháite a chur ar fáil
- Bainistíocht galar ainsealach a fhorbairt i gcúram príomhúil

- Conradh/conarthaí nuachóirithe a idirbheartú le liachleachtóirí ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta
- Leathnú céimnithe cúram liachleachtóirí ginearálta gan táillí a chur ar aghaidh do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d’aois
- Teidlíocht uathoibríoch i leith cárta leighis a thabhairt do leanaí a chumhdaítear leis an Liúntas Cúram Baile
- Scrúdú a dhéanamh ar ról na gcógaslann pobail a mhéadú maidir le sláinte othar a bhainistiú

Cúram Sóisialach/Meabhairshláinte

- Maoirseacht a dhéanamh ar an athchumrú seirbhísí míchumais do leanaí faoin gClár um Dhul Chun Cinn ar Sheirbhísí Míchumais (0-18 bliain)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha um Measúnú Riachtanas faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ón athbhreithniú ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais
- Cur leis an raon tacaí atá ar fáil chun laghdú a dhéanamh ar an líon cásanna ina ligtear daoine scothaosta isteach in ospidéal ghéarmhíochaine gan ghá agus iad a cheadú filleadh ar an mbaile a luaithe is féidir
- Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais a dhéanamh ar na costais a bhaineann le saoráidí cónaithe fhadtéarmaigh a sholáthar do dhaoine scothaosta laistigh den earnáil phoiblí
- An Tuarascáil ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chúram Maolaitheach (2001) a thabhairt cothrom le dáta
- Athbhreithniú saineolach idirnáisiúnta a sheoladh ar chur chun feidhme an bheartais mheabhairshláinte dar teideal *Fís don Athrú* agus beartas nua a fhorbairt ina dhiaidh sin [Athbhreithniú ar an mbeartas *Fís don Athrú* - 2017]
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí ón Athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte, 2001, agus Scéim Ghinearálta agus Ceannteidil de Bhille á bhfoilsíú mar chéad bheart ina leith sin [2017]
- Leanúint le sainseirbhísí pobalbhunaithe meabhairshláinte a neartú, agus tacú le cúram príomhúil ag an am céanna mar ghné lárnach d’aghaidh a thabhairt ar mhór-riachtanais mheabhairshláinte

Géarchúram

- Samhail fhoriomlán géarchúraim a cheapadh, agus é mar aidhm léi tacú le seirbhísí cúraim phríomhúil agus cúraim shóisialaigh a gcuid cúraim a chomhordú agus a chomhtháthú ar bhealach níos fearr d’othair
- Treoir a thabhairt do Ghrúpaí Ospidéal agus pleananna straitéiseacha á bhforbairt acu
- An clár athchóirithe ospidéal a bhrostú – maoirseacht a dhéanamh ar athchumrú seirbhísí ar leibhéal na nGrúpaí Ospidéal
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Tascfhórsa um Rannóga Éigeandála, agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscnamh eile arb é an aidhm atá leo laghdú a dhéanamh ar amanna feithimh othar le haghaidh cúram éigeandála
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscnamh arb é an aidhm atá leo liostaí feithimh a bhainistiú le haghaidh géarchúraim, ar tionscnaimh iad ina mbainfear an chuid is fearr as acmhainn na n-ospidéal amanna feithimh a laghdú d’othair
- Reachtaíocht a achtú chun na trí ospidéal do leanaí a chumasc ina n-eintiteas dlíthiúil aonair sula n-aistrefar iad chuig na hionaid satailíte agus chuig an ospidéal nua do leanaí
- Tograí a fhorbairt le haghaidh reachtaíocht maidir le Fíochán Daonna
- Comhoibriú Thuaidh/Theas a mhéadú maidir le seirbhísí ospidéal ghéarmhíochaine

Seirbhísí Éigeandála/Otharchairr

- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Otharchairr

Torthaí:

- ✓ Déanfar torthaí sláinte, caighdeán an chúraim agus eispéireas othair a fheabhsú go comhleanúnach trí thionscnaimh a cheapadh agus a chur chun feidhme le haghaidh cúram príomhúil, ospidéal ghéarmhíochaine agus cúram comhtháite pobalbhunaithe
- ✓ Beidh cosc, luathbhrath agus torthaí níos fearr ann d'othair ailse
- ✓ Beidh Seirbhís Náisiúnta Otharchairr againn a bheidh á stiúradh ag gairmithe cliniciúla agus a chóireálfaidh tuilleadh daoine thar an teileafón, ar an láthair nó ina dteach féin
- ✓ Beidh amanna feithimh níos ísle ann le haghaidh cúram éigeandála agus sceidealta
- ✓ Beidh méadú ann ar dheonú orgán agus ar thrasphlandú orgán
- ✓ Gheobhaidh daoine raon níos leithne cúraim i suíomhanna cúraim phríomhúil agus i suíomhanna cúram pobail
- ✓ Beidh rochtain ag tuilleadh daoine ar chúram liachleachtóirí ginearálta a bheidh saor in aisce as an bpointe úsáide
- ✓ Scaoilfear othair ospidéal ghéarmhíochaine amach ar bhealach níos tráthúla trí chomhtháthú méadaithe seirbhísí ar fud cúram príomhúil, cúram sóisialach agus géarchúraim

4. Bainistíocht éifeachtach éifeachtúil seirbhísí sláinte a chur chun cinn

Tá an Roinn ag déanamh maoirseacht ar raon tionscnamh ar leibhéal córais a bheidh mar bhonn do sheirbhísí níos fearr, níos comhtháite agus níos éifeachtúla a sholáthar.

Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Leanfaidh an Roinn le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an dóigh a bhfuil na seirbhísí dá bhforáiltear faoin bPlean Seirbhíse Náisiúnta á soláthar aici. Sa chomhthéacs sin, coinneoidh an Roinn an Fheidhmeannacht cuntasach as seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud ceithre réimse lena mbaineann an tábhacht chéanna, is iad sin: (i) Rochtain ar sheirbhísí, (ii) Cáilíocht agus Sábháilteacht na Seirbhísí sin, (iii) an obair sin a chur i gcrích laistigh de na hAcmhainní Airgeadais atá ar fáil, agus (iii) leas éifeachtach a bhaint as an bhFórsa Saothair. Déanfaidh an Roinn faireachán ar an bhFeidhmeannacht agus an Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta á chur chun feidhme aici agus tabharfaidh an Roinn tacaíocht di déanamh amhlaidh. Faoin gCreat neartaithe Feidhmíochta agus Cuntasachta, leagtar cuntasacht phearsanta shainráite ar bhainisteoirí seirbhíse sláinte, agus iad ainmnithe mar oifigigh chuntasacha, as feidhmiú laistigh den leithdháileadh buiséadach athbhreithnithe. Áirítear leis an gCreat pleannanna airgeadais arna n-ullmhú ag ospidéal aonair agus arna gcomhiomlánú ar leibhéal náisiúnta; próiseas neartaithe géaraith; agus cur síos soiléir ar na hiarmhairtí a bheidh ann do bhainisteoirí ospidéal i gcás drochfheidhmíochta. Is é ceann de na príomhthosaíochtaí atá agann ná an creat a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh air.

Inbhuanaitheacht agus Buiséadú

Leagtar amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta an rún atá agann obair i gcomhar leis an Oireachtas chun méaduithe bliantúla cuí a choinneáil ar bun sa Bhuiséad Sláinte. Beidh caiteachas bunaithe ar bhuiséadú ilbhliantúil, rud a gheobhaidh tacaíocht ó Phlean Seirbhíse Sláinte cúig bliana a bheidh bunaithe ar réamh-mheastacháin réalaíochta infhíoraithe. Agus an plean 5 bliana á ullmhú, tabharfar aird ar na tuairimí ón gCoiste Uile-Pháirtí Oireachtais um Chúram Sláinte sa Todhchaí.

Na méaduithe cistiúcháin atá á soláthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le blianta beaga anuas, agus Creat feabhsaithe Feidhmíochta agus Cuntasachta na Feidhmeannachta, is bonn tábhachtach iad le caiteachas sláinte a phleanáil agus le seirbhísí sláinte a fheidhmiú de réir na dteorainneacha arna leagan síos ag an Oireachtas.

Struchtúir agus Rialachas na Seirbhíse Sláinte

Tá an tseirbhís sláinte faoi réir mórchlár athraithe faoi láthair. Sa chúpla bliain seo a chuaigh thart, cruthaíodh seacht nGrúpa Ospidéal³ (tá idir sé ospidéal agus aon ospidéal déag i ngach grúpa) agus naoi nEagraíocht Sláinte Pobail⁴ a bhfuil sé de dhualgas orthu seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí cúram pobail agus seirbhísí cúraim shóisialaigh a bhainistiú.

Mar gheall ar fhorbairt na nGrúpaí Ospidéal agus na nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail, tá amhras ann anois maidir lena bhfuil i ndán don ghné Chorpóraideach d'obair na Feidhmeannachta. Luaitear sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta: *“Leanfaimid leis an bpróiseas leis an HSE a dhíchur, á héabhlóidiú isteach ina Coimisiún Sláinte”*. Tá sé curtha in iúl ag an Aire Sláinte cheana féin nach saothróidh sé aon athchóirithe struchtúrtha eile go dtí go bhfaighfear an tuarascáil ón gCoiste um Chúram Sláinte sa Todhchaí.

Pleanáil Fórsa Saothair agus an Meascán Scileanna

Is ionann costais phá foirne agus an ghné is mó de chaiteachas sláinte. Mar gheall ar na srianta airgeadais agus ar an easnamh domhanda gairmithe sláinte ar leith atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go mbainfidimid an meascán is fearr scileanna amach, go gcruthóimid timpeallacht dhearfach oibre ar féidir oibrithe a mhealladh chuici agus baill foirne a choinneáil inti, agus go bhfaighimid toradh an-mhaith ar na hacmhainní foirne uile a úsáidtear.

Tá Creat Náisiúnta Comhtháite Straitéiseach um Pleanáil an Fhórsa Saothair Sláinte á fhorbairt faoi láthair i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an earnáil oideachais agus le rialálaithe gairmiúla, ar

³ Foilsíodh tuarascáil ina leith seo sa bhliain 2013: <http://health.gov.ie/blog/publications/the-establishment-of-hospital-groups-as-a-transition-to-independent-hospital-trusts/>

⁴ Foilsíodh tuarascáil ina leith seo sa bhliain 2014: <http://www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/CHORReport.html>

creat é lena dtreorófar pleanáil an fhórsa saothair sláinte sa todhcháí. Ina theannta sin, rinne an Tascfhórsa um Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna le haghaidh Altranais creat a cheapadh chun na leibhéil is fearr ó thaobh soláthar altraí agus meascán scileanna de a chinneadh ar fud suíomhanna ospidéil ghéarmhíochaine, suíomhanna ginearálta cúram míochaine agus máinliachta agus sainsuíomhanna cúram míochaine agus máinliachta le haghaidh othair chónaitheacha. Má táthar chun inniúlacht ceannaireachta agus bainistíochta na seirbhíse sláinte a fhorbairt, beidh gá ann le deiseanna inmheánacha forbartha a sholáthar a bheidh ag teacht le scileanna, le taithí agus le hacmhainn na mball foirne. Beidh gá ann le baill foirne nua a thabhairt isteach freisin.

rShláinte

Tá teicneolaíocht faisnéise ina huirlis rithábachtach maidir le soláthar seirbhíse sláinte a nuachóiriú agus maidir leis an nasc a theastaíonn i measc úsáideoirí seirbhíse, gairmithe agus eagraíochtaí a chumasú ar mhaithe le cúram comhtháite a bhaint amach. Bíonn teicneolaíocht faisnéise ag éirí níos tábhachtaí maidir le tacú le sábháilteacht othar freisin. Cuireadh roinnt gnéithe tábhachtacha i bhfeidhm ina leith sin le déanaí, amhail Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Coiste Comhairleach rShláinte Éireann agus Comhairle na nOifigeach Faisnéise Cliniciúla. Foilsíodh Straitéis fhoriomlán rShláinte sa bhliain 2013 agus seoladh Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann ina dhiaidh sin sa bhliain 2016. Achtaíodh an tAcht um Aitheantóirí Sláinte freisin, rud lena soláthraítear an bonn dlíthiúil le haitheantóir sláinte aonair a shannadh chuig gach duine den phobal chun tacú le sábháilteacht othar agus leis an gclár oibre rShláinte. Má táthar chun a chinntiú go mbeidh an timpeallacht rShláinte ar chomhchéim leis an Rialachán nua maidir le Cosaint Sonraí ó AE, áfach, beidh bonn reachtach ag teastáil chun faisnéis íogair sláinte othar a chosaint agus chun feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear agus a úsáidtear an fhaisnéis sin agus ar an dóigh a dtugtar rochtain uirthi.

Beidh sé mar phríomhthosaíocht againn le linn thréimhse na straitéise seo gníomhartha reachtacha breise a dhéanamh i leith rShláinte agus infheistíocht bhreise a dhéanamh in rShláinte. Ag an am céanna, oibreoidimid i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le rShláinte Éireann chun ríomhthaifead náisiúnta sláinte a bhunú, rud a chuirfear ag croílár seirbhíse sláinte níos nasctha agus níos comhtháite ansin. Tá an Roinn ag cur an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar ar aghaidh faoi láthair, rud ina leagtar amach, i measc nithe eile, creat rialála le haghaidh acmhainní faisnéise sláinte agus le haghaidh cláir mheaitseála sonraí.

Saoráidí Sláinte a Nuachóiriú

Tá saoráidí oiriúnacha cuí ag teastáil chun tacú le soláthar cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh ar fud na hearnála, go háirithe de réir mar a aistrítear ó sheirbhís atá bunaithe ar chúram ospidéil ina seirbhís atá lonnaithe níos mó sa phobal. Tá raon éagsúil tionscadal caipitil ar siúl faoi láthair agus beartaítear cinn eile a chur ar siúl thar na trí bliana atá romhainn, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar na príomhthionscadail atá leagtha amach sa tábla Gníomhartha thíos, d'fhonn cabhrú leis an iarracht fhoriomlán chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht seirbhísí sláinte a uasmhéadú.

Samhlacha Cistiúcháin

Deimhníodh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go bhfuil an Rialtas fós tiomanta do Chistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht (rud ar ar tugadh 'Leanann Airgead an tOthar' roimhe seo) a chur chun feidhme – ar samhail é trína gcistítear ospidéil agus soláthraithe eile cúram sláinte bunaithe ar chaighdeán agus ar chainníocht na seirbhísí a sholáthraíonn siad d'othair, agus ní bunaithe ar bhuiséid stairiúla mar a tharla roimhe seo). Má nasctar buiséid le gníomhaíocht, is amhlaidh go mbrúfar éifeachtúlacht chun cinn agus go méadófar trédhearcacht sa dóigh a soláthraítear seirbhísí ar ardchaighdeán d'othair.

Oibreoidimid le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun a chinntiú go bhforbrófar Cistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht tuilleadh; go leathnófar an tsamhail chun go n-áireofar gníomhaíocht othar seachtrach léi; go dtosófar leis an tsamhail ar íocaíochtaí le soláthraithe a nascadh le cuspóirí cliniciúla; agus go bhforbrófar na bunchlocha a theastaíonn chun an costas ar sheirbhísí pobail a chinneadh. Oibreoidimid leis an bhFeidhmeannacht freisin chun Plean nua Cur Chun Feidhme le haghaidh Cistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht a cheapadh don thréimhse tar éis na bliana 2017.

Leanfaidh an Roinn le forbairt a dhéanamh ar shamhail um choimisiúnú cúram sláinte, rud a bheidh oiriúnach agus tairbhiúil don tír seo, lena nascfar acmhainní leis na riachtanais mheasúnaithe atá ag othair agus ag cliaint agus lena gcinnteofar cuntasacht shoiléir ar fud an chórais.

Árachas Sláinte Príobháideach

Toisc thábhachtach eile a bhrúnn gníomhaíocht chun cinn sa chóras sláinte is ea árachas sláinte príobháideach, rud atá i seilbh leath an phobail, beagnach. Ar aon dul le beartas an Rialtais, féachann an Roinn le margadh árachas sláinte príobháideach atá inbhuanaithe, faoi réir rátáil phobail agus saorálach a chur chun cinn. Déanann an Roinn maoirseacht ar rialáil an mhargaidh agus an chórais um chothromú fiontar a theastaíonn chun tacú le rátáil phobail. Leanfaidh an Roinn le hobair a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtacht na scéime um chothromú fiontar trí thomhas níos snoite ar stádas sláinte a thabhairt isteach. Leanfaimid freisin le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh chun a chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais sláinte atá ag árachaithe ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá ról ar leith ag an Roinn maidir le gnóthaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (VHI) freisin agus leanfaidh sí le socruithe cuí maoirseachta a chur i bhfeidhm ina leith.

Rochtain Chostéifeachtach ar Chógais a Áirithiú do Dhaoine

Is ag cógais atá ról ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar shláinte mhuintir na hÉireann. Dá bhrí sin, tá sé mar phríomhthosaíocht againn rochtain thráthúil ar chógais a áirithiú ar phraghas réasúnta, go háirithe cógais nuálacha lena dtairgtear torthaí níos fearr sláinte. Tá sé ríthábhachtach soláthar costéifeachtach cógas a áirithiú don tseirbhís sláinte ionas gur féidir linn tuilleadh acmhainní a chur ar leataobh le haghaidh infheistíocht leanúnach i gcógais nuálacha nua.

Leanfaidh an Roinn le roinnt tionscnamh a chur ar aghaidh chun soláthar costéifeachtach cógas a chinntiú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an gCreat-Chomhaontú nua 4 bliana le Cumann Cúram Sláinte Cógaisíochta na hÉireann maidir le praghsáil agus soláthar cógas.

Cuspóir Straitéiseach: Bainistíocht éifeachtach éifeachtúil seirbhísí sláinte a chur chun cinn

Gníomhartha [Leagtha amach thíos, agus an amlíne ábhartha tugtha idir lúbíní]:

Feidhmíocht, Cuntasacht, Struchtúir agus Rialachas

- Maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta Feidhmíochta á chur chun feidhme ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phlean corparáideach agus Phleananna Seirbhíse Náisiúnta na Feidhmeannachta
- Tacú le feabhas a chur ar na socruithe bailithe ioncaim atá i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannacht agus tacú le cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte agus pleananna seachtracha soláthar seirbhíse
- Tacú leis an bhFeidhmeannacht a hAonad Bainistíochta Feidhmíochta a bhunú
- Tacú leis an bhFeidhmeannacht a Plean Seirbhíse Sláinte 5 Bliana a cheapadh agus faireachán a dhéanamh uirthi i leith na hoibre sin
- Próiseas nua ceapacháin a chur chun feidhme do bhoird Stáit i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Breithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar rialachas na seirbhíse sláinte tar éis don Choiste um Chúram Sláinte sa Toghchán a chuid oibre a chur i gcrích
- Scrúdú a dhéanamh ar phróisis lena dtugtar aghaidh ar éilimh a bhaineann le faillí chliniciúil, agus tuairisc a thabhairt ar na próisis sin, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an Sainghrúpa ar Athchóiriú Torta) [2017]

Pleanáil Fórsa Saothair agus an Meascán Scileanna

- An Creat Náisiúnta Comhtháite Straitéiseach um Pleanáil an Fhórsa Saothair Sláinte atá á fhorbairt ag Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach a fhoilsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreata
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chéim I den Tascfhórsa um Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna le haghaidh Altranais agus tús a chur leis an obair ullmhúcháin le haghaidh Chéim II i

Suíomhanna Rannóige Éigeandála [2016-2017]

- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Athbhreithnithe Straitéisigh ar Oiliúint Leighis agus Struchtúir Ghairme Leighis
- Cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith fhorbairt na hinniúlachta ceannaireachta agus bainistíochta a theastaíonn ón tseirbhís sláinte faoi láthair agus a theastóidh uaithe amach anseo i gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Chomhtháite Straitéisigh um Pleanáil an Fhórsa Saothair Sláinte
- Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí na Roinne chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna acmhainní daonna a thagann chun cinn agus soiléiriú a chur ar fáil maidir le saincheisteanna pá, pinsean agus téarmaí agus coinníollacha
- Sainaitheint a dhéanamh ar an rannchuidiú is féidir le meascán feabhsaithe scileanna, le róil nua agus le cleachtais nuachóirithe oibre a dhéanamh maidir le seirbhísí sláinte a fheabhsú i gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Chomhtháite Straitéisigh um Pleanáil an Fhórsa Saothair Sláinte
- Fianaise agus anailís mhionsonraithe a chur ar fáil faoin bhfórsa saothair sláinte reatha, faoi dhúshlán earcaíochta reatha agus faoi riachtanais foirne amach anseo chun eolas a thabhairt do chomhaontuithe náisiúnta pá ar mhaithe le luach saothair inacmhainne tarraingteach a chinntiú do bhaill foirne cúram sláinte agus ar mhaithe le feabhas leanúnach a chur ar tháirgiúlacht agus ar fhreagrúlacht seirbhíse [ar bhonn bliantúil]

rShláinte

- Obair i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus as an inniúlacht ceannaireachta rShláinte atá againn anois chun nuachóiriú agus athchóiriú seirbhíse a éascú trí chlár thábhachtacha TFC a chur chun feidhme
- Tacú le córas náisiúnta nua bainistíochta airgeadais a sholáthar agus a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe san Fheidhmeannacht
- Cur chun feidhme na nAitheantóirí Sláinte Aonair a bhrú chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh ar an obair chun ríomhthaifead sláinte a thabhairt isteach chun tacú le cúram comhtháite atá dírithe ar an duine
- An Bille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar a fhoilsiú agus a achtú
- Obair le geallsealbhóirí ábhartha chun an Mol Nuálaíochta Sláinte a chur chun feidhme

Saoráidí Sláinte a Nuachóiriú (Tionscadail chaipitil, i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

- An tOspidéal nua do Leanaí a bhunú trí na trí ospidéal péidiatraiceacha i mBaile Átha Cliath a chumasc agus trí ospidéal nua den chéad scoth a thógáil ar champas San Séamas, mar aon le hionaid satailíte i dTamhlacht agus i mBaile Bhlainséir
- Tógáil Ospidéal nua na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí a chríochnú i bPort Reachrann, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann seirbhísí a athlonnú ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar
- Ionaid bhreise nua cúraim phríomhúil a sholáthar trí mheascán de mheicníochtaí soláthair, mar shampla, ionaid a bheith á dtógáil go díreach ag an bhFeidhmeannacht nó obair i gcomhar leis an earnáil phríobháideach trí leas a bhaint as léasanna oibriúcháin nó as comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí
- Aonaid oinceolaíochta raideolaíochta a sholáthar do Chorcaigh agus do Ghailimh faoin bPlean Náisiúnta um Oinceolaíocht Raideolaíochta
- Tús a chur leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais a thógáil ar champas Naomh Uinseann agus tús a chur leis an obair pleanála le haghaidh seirbhísí máithreachais a athlonnú ó na hospidéal saorsheasaimh eile i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach chuig campais ospidéal ghéarmhíochaine in Ospidéal Uí Chonghaile, in Ospidéal San Séamas agus in Ospidéal Ollscoile Luimnigh
- Cóiríocht bhreise cónaithe fhadtéarmaigh a sholáthar agus cóiríocht cónaithe fhadtéarmaigh atá ann cheana féin a athsholáthar tríd an gclár um Thithe Altranais Pobail do Dhaoine Scothaosta agus tríd an gclár dí-chomhchónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas

- Athbheithniú a dhéanamh ar phleananna caipitil reatha i gcomhthéacs an Athbheithnithe ar Chaiteachas Caipitil atá beartaithe ag an Rialtas, agus breithniú a dhéanamh ar na riachtanais chuí bhonneagair atá ann chun samhail cúram sláinte atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar

Samhlacha Cistiúcháin

- Obair i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun a chinntiú:
 - Go saothrófar an Plean Cur Chun Feidhme le haghaidh Cistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht in Ospidéal Ghéarmhíochaine 2015-2017
 - Go bhforbrófar Plean nua Cur Chun Feidhme le haghaidh Cistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht do na blianta tar éis 2017 [2017]
 - Go gcuirfead tús le forbairt a dhéanamh ar na bunchlocha a theastaíonn chun seirbhísí pobail a rangú agus a chostáil [2017]
- Creat beartais um Choimisiúnú Cúram Sláinte a fhorbairt

An Ról atá ag Árachas Sláinte Príobháideach

- Rannchuidiú leanúnach a dhéanamh le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar éifeachtacht na Scéime um Chothromú Fiontar trí reachtaíocht a ullmhú gach bliain chun leasú a dhéanamh ar na creidmheasanna um chothromú fiontar is infheidhme agus ar na tobhaigh chomhfhreagracha dhleachta stampa a cheanglaítear faoin Scéim [ar bhonn bliantúil]
- Tomhas níos snoite ar stádas sláinte a cheapadh chun éifeachtacht na Scéime um Chothromú Fiontar a mhéadú tuilleadh
- Breithniú a dhéanamh ar an athbheithniú ar an scéim um an Rátáil Phobail Saoil, rud a gcuirfidh an tÚdarás Árachas Sláinte i gcrích é (tar éis mhí Aibreáin 2017) [2017]

Costais Chógaisíochta

- Leas a bhaint as bearta soláthair, praghsála agus ordaithe chun a chinntiú go n-áiríteofar cógais ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir d’othair

Torthaí:

- ✓ Déanfar maoirseacht láidir ar fheidhmíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ar a cuntasacht agus ar a rialachas
- ✓ Beidh seirbhís níos fearr sláinte againn de bharr pleanáil níos fearr, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach an fhórsa saothair, agus de bharr forbairt ceannaireachta
- ✓ Beidh saoráidí, trealamh agus suíomhanna cúram sláinte níos nua-aimseartha agus níos oiriúnaí againn, a fhágann gur féidir linn torthaí níos fearr a bhaint amach d’othair agus d’úsáideoirí seirbhíse
- ✓ Beidh éifeachtúlacht agus trédhearcacht níos fearr ann sa dóigh a soláthraítear seirbhísí ospidéal ghéarmhíochaine faoin gClár um Chistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht
- ✓ Beidh comhtháthú agus comhordú níos fearr seirbhísí ann ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal réigiúnach trí fhorbairt iomlán na nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail agus na nGrúpaí Ospidéal
- ✓ Beidh rochtain níos tráthúla ann ar chógais atá ar fáil ar phraghsanna réasúnta
- ✓ Cuirfead faisnéis atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, comhleanúnach agus cruinn ar fáil ar bhealach tráthúil le haghaidh pleanáil, forbairt agus comhtháthú seirbhíse, le haghaidh bainistíocht buiséid agus le haghaidh éileamh a thuar, rud a bheidh chun tairbhe d’úsáideoirí seirbhíse/othair agus do bhainistíocht cúram sláinte araon

5. Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi

Athnuachan na Státseirbhíse agus an Clár Athraithe Eagrúcháin *Oibriú Níos Fearr Le Chéile*

Táimid lántiomanta don chlár leanúnach athraithe sa Státseirbhís, lena n-áirítear trínár gcuid oibre ar an gClár Athraithe *Oibriú Níos Fearr Le Chéile*, a bheidh ina chuid lárnach den rannchuidiú a dhéanfaidh an Roinn seo maidir le hAthnuachan na Státseirbhíse.

Tá an Roinn i mbun mórchlár athraithe dar teideal *Oibriú Níos Fearr Le Chéile* ón mbliain 2015 i leith. Is é an fhís atá leis an gclár ná *'timpallacht níos fearr a chruthú inar féidir linn ár gcuid oibre a chur i gcrích, áit a mbaintear ardfheidhmíocht amach ar bhonn leanúnach, a gcuirtear oibriú comhoibríoch chun cinn, agus ar féidir linn go léir ár gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú'*. Is é an aidhm atá aici Roinn a chruthú:

1. Atá dírithe ar *thorthaí tosaíochta* – ár gcuid eolais agus scileanna a úsáid chun fadhbanna a réiteach i gcomhar le daoine eile;
2. *A thugann aird ar an bhfianaise agus cinntí á ndéanamh aici* – sonraí agus taighde a úsáid chun beartais agus cinntí níos fearr a dhéanamh;
3. Atá *freagrach agus cuntasach* – áit a leagaimid ardchaighdeán síos dúinne féin agus do dhaoine eile; a n-oibrímid le chéile chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a thaispeáint; agus a bhfuilimid cuntasach dá chéile as caighdeán agus as tráthúlacht ár gcuid oibre, go háirithe i gcásanna ina bhfuil daoine eile ag brath ar ár n-ionchur;
4. *A thacaíonn le baill foirne* a ndícheall a dhéanamh agus obair ar a gconlán féin – a gceart a thabhairt do dhaoine;
5. Atá tiomanta *d'fhoghlaim agus d'fhorbairt phearsanta agus gairme* na mball foirne uile – lena n-áirítear ár bhforbairt phearsanta féin – agus a thacaíonn le sláinte agus le folláine daoine;
6. Atá *oscailte maidir le faisnéis atá ábhartha do dhaoine eile a chomhroinnt* agus maidir le comhoibriú le daoine laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di araon.

Ag teacht sna sála ar phróiseas struchtúrtha comhairliúcháin, rannpháirtíochta agus deartha le baill foirne, athstruchtúraíodh an Roinn le linn na bliana 2015 agus comhaontaíodh clár comhtháite don bhliain 2016/2017. Cuimsíonn an clár 14 ghníomh le haghaidh athrú. Cuireadh Fochoiste Boird Bhainistíochta, atá faoi chathaoirleacht ag an Ard-Rúnaí agus a chuimsíonn ionadaithe ó gach leibhéal den Roinn, ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha sin. Tá Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme i bhfeidhm freisin chun tacú le cur chun feidhme an chlár athraithe.

Inniúlachtaí Feabhsaithe ó thaobh Ceapadh Beartais de agus Maoirseacht Neartaithe

Tá an Roinn ag neartú a hacmhainne i roinnt réimsí éagsúla, lena n-áirítear ceapadh beartais, forbairt straitéise, taighde agus anailísíocht, maoirseacht agus rialachas straitéiseach, agus bainistíocht cláir agus tionscadail. Cuireadh struchtúir agus próisis nua ar bun ar fud na Roinne mar chuid den obair athstruchtúraithe agus cabhróidh siad leis an Roinn a haidhmeanna ina leith sin a bhaint amach. Is iad seo a leanas samplaí de na struchtúir agus na próisis nua:

- Rannóga corparáideacha nua um rialachas agus feidhmíocht agus um beartas agus straitéis
- Rannóg nua um Thaighde agus Forbairt agus Anailísíocht Sláinte
- Fochoiste nua Boird Bhainistíochta, rud a phléann le ceapadh beartais
- Oifig Náisiúnta nua um Shábháilteacht Othar
- Tá Oifig Bainistíochta Cláir na Roinne agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag dearadh cur chuige bainistíochta cláir i leith an chlár oibre um fheabhsú an chórais sláinte.

Feabhsuithe ar Thaighde, ar Anailísíocht agus ar Mheastóireacht

Is ag an Rannóg um Thaighde agus Forbairt agus Anailísíocht Sláinte, a chuimsíonn seirbhís staidrimh agus anailísíochta, a bheidh ról rithábachtach maidir le tacaíocht a thabhairt don Roinn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcur chuige fianaisebhunaithe a ghlacann sí i leith beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus i leith faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air.

Is í an Roinn a stiúrfaidh an straitéis um thaighde agus nuálaíocht san earnáil sláinte. Baineann ríthábhacht le taighde sláinte maidir le cuspóirí an chórais sláinte a bhaint amach. Soláthraítear leis eolas, léargas agus fianaise dúinn ionas gur féidir linn dul i ngleic le dúshlán. Go háirithe, leanfaidh an Roinn le tacaíocht a thabhairt don Bhord Taighde Sláinte “Straitéis 2016-2020: Taighde. Fianaise. Gníomhú.” a chur chun feidhme. Ina theannta sin, cinnteoidh an tAonad nua Seirbhísí Taighde laistigh den Rannóg um Thaighde agus Forbairt agus Anailísíocht Sláinte go mbeidh taighde agus meastóireacht ina ngné lárnach de cheapadh beartais agus de chinnteoireacht laistigh den Roinn féin. Agus é ag obair i gcomhar le Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann, cuirfidh an tAonad tacaíocht agus comhairle taighde ar fáil d’aonaid bheartais; bainistíodh sé cláir inmheánacha agus sheachtracha taighde ar aon dul le tosaíochtaí na Roinne; agus féachfaidh sé le leas a bhaint as foghlaim agus léargas an phobail taighde (náisiúnta agus idirnáisiúnta) chun bonn eolais a chur faoi obair na Roinne ar shaincheisteanna tábhachtacha.

Faoin gcód reatha caiteachais phoiblí, ceanglaítear ar an Roinn obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an measúnú leanúnach luach ar airgead ar chlár chaiteachais. Cuirfear an obair sin i gcrích i bhfoirm Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais agus i bhfoirm Measúnuithe beaga Spriocdhírthe ar Bheartas. Is mórfhiontar meastóireachta a bheidh san obair sin mar gheall ar an raon clár atá ann, ar scála an chaiteachais san earnáil sláinte agus ar an leibhéal anailíse a theastaíonn.

Creat Rialachais don Roinn Sláinte

Dréachtaíodh Creat Rialachais na Roinne de réir an Chaighdeáin Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís⁵. Is iad cuspóirí an Chreata Rialachais sin ná a chinntiú:

- go mbeidh córais chuntasachta agus freagrachta na Roinne éifeachtach, láidir, soiléir agus inaitheanta, agus
- go bhforbróidh an Roinn í féin ionas gur féidir léi freagairt ar bhealach níos fearr d’athruithe sóisialta, polaitiúla, comhshaoil agus geilleagracha.

Is é atá taobh thiar de shocruithe rialachais na Roinne ná próiseas comhlíonta atá bunaithe ar dhea-bhainistíocht eolais agus socruithe faireacháin agus athbhreithnithe. Tá an Roinn ag ceapadh Creat um Chomhlíonadh Rialachais i gcomhréir leis an dea-chleachtas san am i láthair, agus aird á tabhairt aici ar an Treoir maidir le Bainistíocht Riosca ar eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í i mí Feabhra 2016. Chomh maith leis sin, oibreoidh an Roinn chun socruithe rialachais a neartú i measc na gcomhlachtaí a thagann faoina coimirce (féach Agusín 2) chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Lúnasa 2016).

Oibriú Trasrialtais

Má chomhoibrítear chun tosaíochtaí sláinte a bhaint amach, is amhlaidh go gcabhrófar le mórspricanna sóisialta agus geilleagracha a chomhlíonadh ag an am céanna. Déanfaidh an Roinn iarracht feabhas a chur ar a cuid oibre chun na páirtithe ábhartha uile ar féidir leo tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine an phobail a stiúradh. Mar chuid den obair sin, cuirfidh an Roinn go gníomhach leis an obair atá á stiúradh ag earnálacha eile – an Plean Gníomhaíochta don Tithíocht, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas agus an Plean Gníomhaíochta do Phoist ina measc.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Is í an Roinn a stiúrfaidh an obair chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint i mbeartas sláinte agus i gcúrsaí gaolmhara in AE, san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ag fóraim idirnáisiúnta eile. Déanfaidh sí comhoibriú ar chúrsaí sláinte a choinneáil ar bun agus a chothú ar bhonn Thuaidh/Theas agus idir Éire agus an Ríocht Aontaithe freisin. Oibreoidh an Roinn go dlúth le Ranna eile, go háirithe Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus le geallsealbhóirí eile, agus aitheantas á thabhairt aici dá thábhachtaí atá sé cur chuige comhoibríoch a ghlacadh sa chomhthéacs sin, go háirithe i bhfianaise an chinnidh ón Ríocht Aontaithe AE a fhágáil. Chuir an Roinn Fochoiste Boird Bainistíochta um Breatimeacht ar bun agus glacann sí páirt ghníomhach sa Ghrúpa idir-Rannach um Breatimeacht.

⁵ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Samhain 2015)

Agus í ag obair leis na Ballstáit eile, féachfaidh an Roinn ar an mbealach is féidir le comhoibriú cur le hinacmhainneacht níos fearr táirgí íocshláinte agus le rochtain níos fearr ar tháirgí íocshláinte a áirithiú, ar aon dul leis na conclúidí ó Chomhairle AE sa bhliain 2016 maidir le neartú a dhéanamh ar an gcothromaíocht i gcórais chógaisíochta laistigh d'AE agus dá Bhallstáit.

Ceanncheathrú Nua

Teach Háicín, an foirgneamh ina bhfuil ceanncheathrú na Roinne lonnaithe, tá sé faoi réir meath tromchúiseach le blianta beaga anuas. Dá bhrí sin, táthar den tuairim go bhfuil sé ar tí deireadh a shaoil úsáidigh a bhaint amach agus tá sé beartaithe ag an Roinn a ceanncheathrú a athlonnú go cóiríocht chúí áit éigin eile i gcathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht nua ar fáil.

<p>Cuspóir Straitéiseach: Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi</p>
<p>Gníomhartha [Leagtha amach thíos, agus an amlíne ábhartha tugtha idir lúbíní]:</p>
<p>Inniúlachtaí Neartaithe Maoirseachta Straitéisí</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Neartú a dhéanamh ar ár bpróisis rialachais, phleanála gnó agus bhainistíochta riosca [Timthriall pleanála gnó, 2017] ▪ Neartú a dhéanamh ar ár gcomhphlé feidhmíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile sláinte [ráithe 3 de 2016 – ráithe 4 de 2017]
<p>Feabhas a chur ar cheapadh beartais agus reachtaíochta trí leas a bhaint as fianaise agus as taighde</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Feabhas a chur ar an gcur chuige a ghlacann an Roinn i leith cheapadh beartais trí phróisis cheaptha beartais a fheabhsú, trí thacaí níos fearr a sholáthar agus trí rialachas beartais a neartú, agus béim ar leith á cur ar fhorbairt chomhoibríoch [ráithe 3 de 2016 – ráithe 4 de 2017] ▪ A chinntiú go dtacófar le cheapadh beartais agus le cinnteoireacht laistigh den Roinn, agus go soláthrófar an fhianaise neodrach agus an taighde córasach neodrach is fearr atá ar fáil don obair sin ▪ Feabhas a chur ar ár gcomhoibriú, ar ár gcumarsáid agus ar ár n-obair chun líonraí straitéiseacha a fhorbairt laistigh den earnáil sláinte agus ar fud earnálacha eile [2017-2018]
<p>Acmhainní agus Pleanáil Straitéiseach an Fhórsa Saothair Amach Anseo</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ár gcuid oibre a chríochnú chun ár struchtúir agus ár n-acmhainní a chur ar chomhréim le tosaíochtaí straitéiseacha [2016-2017] ▪ Plean fórsa saothair a cheapadh chun tacú le riachtanais acmhainní agus scileanna amach anseo a shainaithint [2017-2019] ▪ Cur chun feidhme a dhéanamh ar chur chuige na Roinne i leith pleanáil comharbais agus bainistíocht cuimhne corparáidí [2017]
<p>Feabhas a chur ar na tacaí atá ar fáil chun cabhrú le baill foirne ról agus feidhmeanna na Roinne a chomhlíonadh</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Foghlaim agus forbairt foirne a chur chun cinn agus an Straitéis Foghlama agus Forbartha a chur chun feidhme [2016-2017] ▪ Feidhm cumarsáide inmheánaí a bhunú agus an Plean Gníomhaíochta um Chumarsáid Inmheánach a chur chun feidhme [2016-2017] ▪ Dul chun cinn a dhéanamh ar chur chuige na Roinne i leith bainistíocht eolais, bainistíocht tionscadail agus TFC [2016-2017] ▪ Oibreoidh an Roinn le hOifig na nOibreacha Poiblí chun ceanncheathrú na Roinne a bhogadh ar bhonn pleanáilte chuig láthair agus foirgneamh oiriúnach (is suite ar Shráid Bhagóid an foirgneamh atá beartaithe faoi láthair) a sholáthróidh Oifig na nOibreacha Poiblí [2017]

Torthaí:

- ✓ Tacófar le gach ball foirne cur chun feidhme a dhéanamh ar chineálacha cur chuige agus beartais maidir le pleanáil chomhtháite gnó agus bainistíocht riosca
- ✓ Neartófar go comhleanúnach an comhphlé feidhmíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile sláinte trí acmhainn mhéadaithe eagraíochta agus trí chomhoibriú trasrannóige
- ✓ Neartófar go comhleanúnach an próiseas ceaptha beartais trí acmhainn mhéadaithe eagraíochta agus trí chomhoibriú méadaithe trasrannóige
- ✓ Cabhróidh sreafaí feabhsaithe faisnéise agus obair mhéadaithe ilghníomhaireachta le tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach
- ✓ Beidh struchtúir agus acmhainní ar chomhréim le tosaíochtaí straitéiseacha agus leis na riachtanais scileanna amach anseo a shainaithneofar
- ✓ Cuirfear feabhas comhleanúnach ar éifeachtacht na heagraíochta trí cheannaireacht níos fearr, trí bhainistíocht níos fearr foirne agus trí fheidhmíocht níos fearr
- ✓ Beidh baill foirne ar an eolas faoin raon tacaí a theastaíonn chun cabhrú leo ról agus feidhmeanna na Roinne a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bpleananna bliantúla gnó, agus beidh rochtain acu ar na tacaí sin

Aguisín 1 – Liosta de na gealltanais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta a bhaineann le Sláinte.

RA= an Roinn Airgeadais; RCS= an Roinn Coimirce Sóisialaí; RDCC= an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; ROS= an Roinn Oideachais agus Scileanna

Caibidil	Gealltanais	Príomhroinn
2	Tabharfaimid aitheantas do na riachtanais chasta atá ag daoine a bhíonn ag codladh amuigh agus cuirfear fáil ar chúram sláinte, meabhairshláinte agus seirbhísí eile mar is gá chun cuidiú leis an aistriú chuig maireachtáil neamhspleách (Leanúnach)	<u>RSláinte</u>
5	Tá an ceangaltas cistithe do 80 ionad cúram príomhúil breise faighte. Ba chóir tús áite a thabhairt do sholáthar foirne cúraim príomhúil ar mhaithe le leibhéil thráthúla chuig cúraim a chur ar fáil d'othair. Tacaímid le tús a chur leis na tionscadaíl sin.	<u>RSláinte</u>
5	Is gá, chomh maith, cur le hacmhainneacht dochtúirí teaghlaigh freagairt do riachtanais othar agus rochtain chuig X-gathanna, ultrafhuaim agus mionscrúduithe eile a chur ar fáil chomh maith le leathnú a dhéanamh ar bhainistiú galar ainsealach sa chleachtadh ginearálta míochaine. Sa bhreis ar diaibéiteas, a bhfuil cóireáil á déanamh air cheana sa chleachtadh ginearálta, féachfaimid le galar ainsealach scamhóige, (COPD), asma, cliseadh croí agus fibriliú trialach a chlúdach, ionas gur féidir le hothair a gcuid cúram a fháil sa phobal, gar don bhaile.	<u>RSláinte</u>
5	Tá conradh nua ag teastáil ó Chleachtadh Ginearálta chun teacht i dtír ar a ról athraitheach ag cur cúram ainsealach ar fáil laistigh den phobal agus le cur ar a chumas a pháirt a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá amach roimh an tseirbhís sláinte. Tá an conradh faoi idirbheartaíocht agus oibreoidh an Rialtas le hionadaithe na ndochtúirí chun críoch rathúil a chur leis na pléití sin.	<u>RSláinte</u>
5	Agus méadú á chur againn ar líon na n-áiteanna traenála sa Chleachtas Ginearálta, tuigimid go bhfuil gá le méadú a chur ar líon na dteiripeoirí agus na ngairmithe sláinte eile sna hionaid chúram príomhúil atá againn chun acmhainneacht na seirbhísí a uasmhéadú agus le clúdach máithreachais agus tinnis fhadtéarmaigh i gcásanna neamhláithreachta foirne a sholáthar nuair is féidir.	<u>RSláinte</u>
5	Laistigh de dhá bhliain leathnóimid ról na bpoitigéirí pobail chun sláinte a gcuid othar agus ordú oideas a bhainistiú.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid laghdú suntasach ar chostas oideas, chomh maith, trí laghdú a chur ar an gcomhíocaíocht bhliantúil a éilítear sa Scéim Íocaíochta Drugaí agus trí laghdú a chur ar an muirear oidis do shealbhóirí cártaí leighis.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid leis an gcistiú i leith pacáistí cúram baile agus i leith cúram baile gach bliain.	<u>RSláinte</u>
5	Tacaímid le cur chun feidhme iomlán an tsocraithe a rinneadh le seachtainí beaga leis an IMO faoi chleachtadh míochaine tuaithe an samhradh seo. Cuimsíonn sé athruithe ar na critéir cháilitheachta i leith thacaíochta tuaithe, méadú ar an liúntas chleachtadh tuaithe agus leasú ar na hearraí speisialta seirbhíse.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid méadú 100 ar líon na n-áiteanna traenála dochtúirí teaghlaigh sna cúig bliana seo romhainn go 259 áit in aghaidh na bliana. Mar sin cuirfimid méadú ar an bhfáil ar theagascóirí oideachas míochaine do CPD.	<u>RSláinte</u>
5	Scrúdóimid úsáid ionstraimí cánach agus dreasachtaí eile chun tacú le hinfheistíocht a dhéanann Dochtúirí Teaghlaigh, fiacloirí agus gairmithe eile in ionaid chúraim príomhúil, i dteicneolaíocht agus i bhforbairt seirbhíse.	<u>RA/RSláinte</u>
5	Foilseoimid leis, moltaí, i ndiaidh comhairliúcháin le hionadaithe, chun tacú le Cleachtaí Ginearálta Míochaine i gceantair uirbeacha atá faoi mhíbhuntáiste.	<u>RSláinte</u>
5	Beidh údarás ag an HSE Dochtúirí Teaghlaigh a fhostú ar bhonn tuarastail nuair is gá agus iad a chur isteach chun tacú le struchtúir agus leis an bhfoireann.	<u>RSláinte</u>
5	Ach é a leathnú i staidéanna agus faoi réir idirbheartaíochta le Dochtúirí Teaghlaigh táimid tiomanta do chúram Dochtúirí Teaghlaigh saor in aisce a thabhairt isteach do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois. Éileoidh sé seo méadú substaintiúil ar líon na nDochtúirí Teaghlaigh chun déileáil leis an ualach oibre breise.	<u>RSláinte</u>
5	Tá sé tábhachtach sláinteachas béil a chur chun cinn agus sábhálann luath-idirghabháil airgead ar an gcáiníocóir ag pointe níos déanaí. Tabharfaimid isteach pacáiste sláinte fiacla dóibh sin faoi 6 bliana. Curtha leis an seiceáil atá ar fáil cheana ag aoiseanna 6, 9 agus 12, beidh gach leanbh faoi 12 i dteideal chlár cuimsitheach coisctheach sláinte fiacla. Táimid tiomanta do rochtain thráthúil a bheidh ann chuig cúram ortadóntach.	<u>RSláinte</u>

5	Do shealbhóirí cártaí leighis tabharfaimid isteach pacáiste coisctheach sláinte fiacla chomh maith.	RSláinte
5	Tabharfaimid an plean náisiúnta um chúram na súl cothrom le dáta, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar shamhail Shligigh d'obráidí catarachtaí.	RSláinte
5	Beidh cur chuige daonnúil againn mar a bhaineann le cárta leighis lánroghnach a chur ar fáil.	RSláinte
5	Leathnóimid an teidlíocht chun cárta leighis a fháil do na leanaí ar fad atá ag fáil Dheontas Chúram Baile i mBuiséad 2017. Bhainfeadh thart ar 10,000 leanbh leas as an tionscnamh sin. Iarrfaimid ar an nGrúpa Comhairleach Cliniciúil ar Chártaí Leighis na treoirlínte chun cártaí leighis lánroghnacha a bhronnadh ar othair atá ag dul faoi chóir leighis in aghaidh ailse, a scrúdú.	RSláinte
5	An Bille Sláinte Poiblí (Alcól) a achtú	RSláinte
5	Éire a Dhéanamh Saor ó Thobac faoin mbliain 2025 (is é sin, caithfidh níos lú ná 5% den daonra tobac)	RSláinte
5	Tobhach sláinte ar dheochanna atá milsithe le siúcra a thabhairt isteach	RSláinte
5	Plean náisiúnta um ghníomhaíocht fhisiciúil, plean náisiúnta um murtall agus straitéis um shláinte ghnéasach a chur chun feidhme	RSláinte
5	Clár a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar chaighdeán an bhia inár gcuid ospidéal	RSláinte
5	An clár vacsaínithe do leanaí a leathnú le vacsaíní in aghaidh meiningítis B agus rótaivíris a chur leis	RSláinte
5	Breastcheck a leathnú le gach bean idir 65 agus 69 a chlúdach	RSláinte
5	Obair a chríochnú agus cur chun feidhme a thosú ar Straitéis Náisiúnta Drugaí nua laistigh de 12 mí	RSláinte
5	Tacóimid le cur chuige sláintebhunaithe seachas cur chuige ceartais choiriúil mar a bhaineann le húsáid drugaí lena n-áirítear reachtaíocht i leith seomraí insteallta	RSláinte
5	An Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm	RSláinte
5	An Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Néaltrú a chur i bhfeidhm	RSláinte
5	Plean i leith seirbhísí Néar-athshlánúcháin a chur chun cinn sa phobal a fhoilsiú	RSláinte
5	Molfaimid reachtaíocht um rialú ar mháthairionadaíocht agus seirbhísí um atáirgeadh daonna cuidithe chomh maith	RSláinte
5	Molfaimid reachtaíocht um chomhthoilíú clainne agus clár diúltaithe maidir le deonú orgán roimh dheireadh 2017 chomh maith	RSláinte
5	Cuirfimid ardú ar an gcistiú don Bhord Taighde Sláinte	RSláinte
5	Déanfaimid Cláir Náisiúnta Galar Othar a fhorbairt	RSláinte
5	Déanfaimid tosaíocht a thabhairt do rith an Bhille Fíocháin Dhaonna	RSláinte
5	Déanfaimid tosaíocht a thabhairt do rith an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteachta Othar	RSláinte
5	Cuirfimid an Plean Náisiúnta maidir le Galair Neamhchoitianta i bhfeidhm	RSláinte
5	Cinnteoimid go mbeidh conairí cúraim chuí in áit chun seirbhísí chúram ailse a fheabhsú agus le hinfheistiú a dhéanamh i gcúram ag deireadh saoil, lena n-áirítear seirbhísí 'cúram ospise agus deireadh saoil' sna tréimhsí imbhreithe, naíonachta, óige agus aosachta.	RSláinte
5	Cuirfimid breis ospísí, a bhfuil a dtógáil á gcistiú ag pobail áitiúla, chun feidhme. Tabharfaimid spreagadh d'fhorbairt ospise i Lár Tíre agus san Oirthuaisceart agus do chúram baile sna réigiúin nach bhfuil ospísí iontu.	RSláinte
5	Beimid ag obair le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun eolas agus feachtas faoi sheirbhísí ag deireadh saoil a fheabhsú, go háirithe iad sin a chuireann cúram maolaitheach ar fáil do dhaoine san ionad is rogha leo féin.	RSláinte
5	Tabharfaimid cuidiú do phobail áitiúla agus do scoileanna chun dífhibrileoirí a cheannach d'áiteanna poiblí	RSláinte
5	Tacóimid leis na Ranna Sláinte agus Coimirce Sóisialta agus iad ag obair le chéile chun "Clár in Imhe Oibre" (Fit for Work Programme) a chur chun cinn mar thacaíocht do bheis daoine atá faoi thinneas nó faoi mhíchumas dul ar ais ag obair.	RCS/RSláinte
5	Mar ullmhúchán d'athbhreithniú 2017 ar an bPlean Caipitil 2016-2021, tabharfaidh an Rialtas nua faoi athbhreithniú ar acmhainneacht leapacha ospidéal ar mhaithe lena fháil amach an líon, cineál agus láthair na leapacha a bheidh ag teastáil sa todhchaí, ag glacadh leis go bhfuil gá le	RSláinte

	réimse leapacha, lena n-áirítear cúram criticiúil, maolaitheach agus stoc leapacha d'othair lae.	
5	Laghdóimid freisin an tréimhse ama ón uair a thagann othar ag Rannóg Éigeandála (ED) go dtí go scaoiltear abhaile nó cuirtear isteach i bharda é, lena n-áirítear laghdú ar an líon daoine a bheidh ag fanacht breis is 6 huairé an chloig. Faoi láthair caitheann 68% d'othair níos lú ná 6 huairé san ED. Cuirfidimid le líon na n-othar a bheidh cóir leighis curtha orthu sa tréimhse ama sin de 5% in aghaidh na bliana go dtí go mbainfear 93% amach.	RSláinte
5	Aontaíonn an Rialtas go ndéanfar athbhreithniú tráthúil ar bhainistiú, oibriú agus cistiú na seirbhísí náisiúnta cúram baile.	RSláinte
5	Tugann Aonaid do Mheasúnú Leighis (MAUanna), Ionaid Chúram Éigeandála, agus Clinicí Mionghortuithe malairt rogha ar rannóga éigeandála atá slán agus áitiúil dúinn ach is iondúil go bhfeidhmíonn siad laistigh d'uaireanta teoranta agus 5 lá na seachtaine. Sa chéad bhliain againn déanfar athbhreithniú iomlán orthu sin ar mhaithe leis na huairéanta oscailte a mhéadú agus iad a bheith ar oscailt tríd an deireadh seachtaine.	RSláinte
5	Déanfaimid prótacail a fhorbairt le cur ar chumas otharcharranna othair a thabhairt ag an ospidéal is oiriúnaí seachas chuig an ED is giorra. Ba chóir go gcuimseodh sé seo cóir leighis agus scaoileadh ar an láthair, aonaid mhionghortuithe, MAUnna agus sainionaid (m.sh. tráma agus ortaipéidic).	RSláinte
5	Táimid tiomanta d'infheistíocht caipitil leantach sna Rannóga Éigeandála (EDanna). Tá EDanna nua oscailte anois in Ospidéal an Mater, Baile Átha Cliath agus i Loch Garman; tá ED Chill Chainnigh á hoscailt ar bhonn céimnithe i mbliana; osclófar ED Luimnigh an bhliain seo chugainn agus tá an síneadh le ED Dhroichead Átha á thógáil. Tá ED nua d'ospidéal na Gaillimhe á dearadh faoi láthair le súil go mbeidh cistiú le haghaidh tógála curtha ar fáil mar chuid d'Athbhreithniú Phlean Caipitil 2017. Ar an gcaoi chéanna tosóimid ar dheardh ED nua do Beaumont níos déanaí i mbliana le súil go mbeidh cistiú le haghaidh tógála ar fáil mar chuid d'Athbhreithniú Phlean Caipitil 2017.	RSláinte
5	Leanfaimid orainn ag seachadadh chúram réamhospidéal níos sábháilte. Mar chuid de, tá trí athbhreithniú ar Sheirbhísí Otharcharr (Athbhreithniú Rialachas HIQA, Athbhreithniú Náisiúnta Acmhainneacht na Seirbhíse Otharcharr agus Athbhreithniú ar Sheirbhísí Éigeandála Bhaile Átha Cliath), á gcríochnú faoi láthair le tuairisc HIQA curtha i bhfeidhm cheana. Déanfaimid machnamh ar na moltaí nuair a fhoilseofar iad agus beidh méadú ar an líon otharcharr, EMTanna agus paraimhíochaineoirí gach bliain chun agáí freagartha a fheabhsú.	RSláinte
5	Tá an Rialtas nua tiomanta do leathnú a dhéanamh ar an tSeirbhís Éigeandála Aeraileighis rathúil (aerárthach othar) agus an indéantacht a bhaineann le húsáid san oíche. Reachtálfar staidéar féidearthachta chun a fháil amach conas a d'fhéadfaí é a dhéanamh, cé a dhéanfadh é agus an costas ionchasach. Cuimseoidh sé sin machnamh a dhéanamh faoin dara bunáit.	RSláinte
5	Déanfaimid leathnú, chomh maith, ar Líonra Náisiúnta na gCéad Fhreagróirí.	RSláinte
5	Leanfaidh an Rialtas nua ar an toirt chuig staid dearaidh agus pleanála don Aonad Fioibríse Cistí tiomnaithe ag Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath, le cur san áireamh in Athbhreithniú Phlean Caipitil 2017. Déanfaidh Clár Cliniciúil Fioibríse Cistí a thuilleadh moltaí sna míonna atá romhainn, i ndiaidh suirbhé ar ionaid agus críochnóidh sé beartas múnla cúraim CF.	RSláinte
5	Táimid tiomanta d'fhorbairt an dara saotharlann cataitéaraithe in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge, ag braith ar mholadh fabhrach a theacht ó athbhreithniú cliniciúil neamhspleách ar riachtanais an réigiúin, atá le reáchtáil laistigh de 6 seachtaine. Ansin leanfar láithreach chuig an staid dheardh agus phleanála agus chuig tógáil ansin agus beidh sé críochnaithe agus réidh le húsáid gan aon mhoill mhíchúí.	RSláinte
5	Idir an dá linn iarrfar ar an ospidéal athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht a theastódh chun na huairéanta saotharlainne atá ann anois a leathnú ar mhaithe le seirbhís níos cuimsithí a chur ar fáil. Tuigtear go bhfuil na huairéanta seo faoi réir moladh a fháil le leanúint leis an infheistíocht sa dara saotharlann. Ach an moladh sin a fháil scaoilfear le páirtchistiú airgid láithreach chun earcú foirne a chumasú ar mhaithe le leathnú ar uairéanta saotharlainne a éascú.	RSláinte
5	Táimid tiomanta don dul chun cinn atá déanta go dáta ar liostaí feithimh a chaomhnú agus táimid tiomanta leis d'infheistíocht de €50 milliún in aghaidh na bliana a dhéanamh chun liostaí feithimh a laghdú níos mó fós (an €15 milliún cistithe don Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála san áireamh).	RSláinte

5	Cuirfear acmhainní i leataoibh gach bliain chun liostaí feithimh a laghdú, leis an gcistiú dírithe, go háirithe, ar na cásanna is práinní agus orthu sin is faide atá ag feitheamh. Méadóimid agus imfhálóimid €15 milliún in 2017 mar chistiú don Chiste Náisiúnta Cheannach Cóireála chun aghaidh a thabhairt, ar bhonn práinne, ar liostaí feithimh dóibh sin is faide atá ag feitheamh.	<u>RSláinte</u>
5	Aontóimid spriocanna bliantúla feidhmíochta le gach Grúpa Ospidéal/Iontaobhas agus Eagraíocht Chúram Sláinte Pobal (CHO) faoi agaí feithimh, á gceangal le cistiú bunaithe ar ghníomhaíocht.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid Aonad Bainistithe Feidhmíochta ar bun a chuirfidh cúnamh ar fáil d'ospidéal agus do sholáthróirí seirbhísí chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.	<u>RSláinte</u>
5	Tacaímid le hathbhreithniú chun go mbeidh comhtháthú níos fearr idir chúram príomhúil agus cúram tánaisteach, chomh maith le dea-chleachtais oibre atá i bhfeidhm faoi láthair i sainréimsí agus a d'fhéadfaí a mhacasamhlú in ospidéal eile chun aghaidh a thabhairt ar liostaí feithimh, a aithint.	<u>RSláinte</u>
5	Leanfaimid leis an bpróiseas leis an HSE a dhíchur, á héabhlóidiú isteach ina Coimisiún Sláinte.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid leis an dul chun cinn atá déanta le Grúpaí Ospidéal le go gcuirfear lena n-acmhainneacht a bheith ina nIontaobhais Reachtúla neamhspleácha. Bainfidh Iontaobhais Ospidéal níos mó neamhspleáchais amach (úinéireacht ar a gcuid sócmhainní, bainistiú ar earcaíocht) agus ag cinntiú freagrachta ag an am céanna. Beidh rannpháirtíocht méadaithe ag an bhfoireann túslíne agus ag othair sa phróiseas déanta beartas. Beidh ar Ghrúpaí Ospidéal/Iontaobhais pleananna straitéiseacha a fhorbairt chun seirbhísí a atheagrú laistigh dá ngrúpa ospidéal, beart atá riachtanach chun rioscaí do shábháilteacht othar a íosmhéadú agus chun dea-thorthaí d'othair a uasmhéadú, le measúnú iomlán ar an tionchar atá ag tíreolas ar rochtain chuig, agus an fháil atá ar sheirbhísí. Aontófar spriocanna feidhmíochta bliantúla le gach Grúpa Ospidéal/Iontaobhais faoi agaí feithimh d'othair chónaitheacha, d'othair lae agus don fhreastal ar EDanna. Beidh na spriocanna sin insuite sa Chistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht.	<u>RSláinte</u>
5	Déanfaimid uasghrádú ar chaighdeán bhainistiú ospidéal trí chinnte a dhéanamh go bhfuil na bainisteoirí ospidéal ar fad agus CEOanna oilte go leibhéal Máistreacht i Riarachán Gnó (MBA) nó a choibhéis, agus go bhfuilid cistithe lena dhéanamh.	<u>RSláinte</u>
5	Déanfaimid soláthar i leith aistriú sealadach bainistíochta ospidéal chuig soláthróir eile i gcásanna ina bhfuil drochthorthaí, drocheispéiris ag othair agus drochbhainistiú airgeadais ag tarlú go seasta.	<u>RSláinte</u>
5	Bunófar Aonad nua um Bainistíocht Feidhmíochta, lena bhuiséad bliantúil imfhálaithe féin, laistigh den Choimisiún Sláinte.	<u>RSláinte</u>
5	Déanfaimid ospidéal agus soláthróirí eile chúram sláinte a chistiú don obair a dhéanann siad seachas ar bhonn buiséid stairiúla – Cistiú Bunaithe ar Ghníomhaíocht (ABF). Is trí bhuiséid a cheangal le gníomhaíocht atá an acmhainneacht is fearr chun seirbhísí ospidéal níos éifeachtaí a sheachadadh agus cúram atá tráthúil, ar ardchaighdeán, a bhaint amach d'othair.	<u>RSláinte</u>
5	Déanfaimid athbhreithniú ar ról agus freagrachtaí na ngairmithe éagsúla chúram sláinte atá ag obair sna hospidéal. Cuimseoidh sé seo breis aistrithe ar thascanna idir dhochtúirí agus banaltraí, ról níos mó agus raon méadaithe cleachtais, lena n-áirítear an t-údarás le scanadh a ordú agus le tuairisciú air, do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta.	<u>RSláinte</u>
5	Déanfar athbhreithniú neamhspleách ar úsáid theorainneacha contaetha maidir le rochtain chuig seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena chinntiú go gcuirtear an tseirbhís is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh costais de ar fáil dóibh sin a bhfuil gá acu leis.	<u>RSláinte</u>
5	Ní mór conairí othar, atreoruithe, iarchúram agus téarnamh a bhainistiú níos éifeachtaí leis an HSE.	<u>RSláinte</u>
5	Tabharfaimid údarás don HSE comhpháirtithe straitéiseacha a fhostú le cúnamh a thabhairt le pleanáil, cistiú agus feidhmiú céimneach bhonneagar TF sláinte don 21ú aois, ag obair i dtreo ilúsáid sonraí chun cúram agus torthaí comhtháite a fheabhsú tríd síos mar a bhaineann le cúram príomhúil agus tánaisteach araon.	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid seirbhís neamhspleách abhcóideachta othar ar bun.	<u>RSláinte</u>
5	Measaimid Nochtadh Oscailte a bheith ina chomhpháirt riachtanach de shábháilteacht othar, agus, ag teacht le moltaí Choimisiún Madden ar Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta, cuirfimid chun cinn roinnt bearta chun tacú leis. Cuimseoidh siad sin reachtaíocht lena chinntiú go mbeidh gach nochtadh oscailte cosanta nuair a dhéantar é, ag teacht le caighdeán náisiúnta atá le socrú ag HIQA agus an Coimisiún Meabhair-Shláinte (*), agus nach féidir breathnú ar leithscéal a ghabháil nó ar fhaisnéis iomlán a thabhairt láithreach bonn mar admháil chiontachta.	<u>RSláinte</u>

	[* Bunaithe ar an gcomhairle a thug Oifig an Ard-Aighne don Rialtas, ionadaíodh na “caighdeán náisiúnta atá le socrú ag HIQA agus an Coimisiún Meabhair-Shláinte” le ‘rialacháin’ a socróidh an tAire iad. (Oifig an Ard-Aighne)].	
5	Déanfar éigeantach é teagmhais shonraithe shábháilteacht othar nó teagmhais thromchúiseacha intuairiscithe a thuairisciú chuig na húdaráis agus chuig an othar a gortaíodh agus is cion a bheidh ann gan amhlaidh a dhéanamh.	<u>RSláinte</u>
5	Tabharfaimid aghaidh ar chostas éileamh a bheith ag ardú trí shainghrúpa a bhunú a bheidh le tuairisciú laistigh de 6 mhí ar roghanna chun dlí na dtort agus an próiseas éilimh atá ann faoi láthair a leasú, go háirithe mar a bhaineann le gortuithe le linn breithe agus gortuithe tubaisteacha agus gortuithe ar féidir a theacht ó vacsaíniú.	<u>RSláinte/RDCC</u>
5	Cuirfimid scéim ar bun, ar bhonn gan locht, a fhreagróidh do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas mar thoradh ar vacsaíniú.	<u>RSláinte</u>
5	Idirbheartaíocht a dhéanamh faoi chonradh nua do lia comhairleach agus athbhreithniú a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí na ngairmithe sláinte ag cur réim leathnaithe cleachtais ar fáil nuair is cuí	<u>RSláinte</u>
5	Na nósanna nua imeachta a chur i bhfeidhm le hearcú banaltraí níos éifeachtaí agus níos tráthúla a chinntiú	<u>RSláinte</u>
5	Na gnéithe atá fágtha den Athbhreithniú Straitéiseach ar Oiliúint Liachta agus den Ghrúpa Oibre ar Struchtúr Gairme (Tuarascáil McCraith) a chur i bhfeidhm mar chuidiú chun príomhfhoireann liachta a earcú agus a choinneáil	<u>RSláinte</u>
5	Cuirfimid Comhaontú Bhóthar Lansdúin i bhfeidhm go hiomlán de réir na n-amlínte a socraíodh agus tuigimid nach mór aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna earcaithe sa seirbhís phoiblí mar chuid den Chomhaontú seo	<u>RSláinte</u>
5	Iarrfaimid ar choiste Ilpháirtí Oireachtais físphean fadtéarmach amháin do chúram sláinte thar thréimhse 10 bliana a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh comhaontú traspháirtí ar phleanáil chúram sláinte agus comhfhis ag an bplean seo. Oibreoidimid chun creat oibre aontaithe do sheirbhís sláinte atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt. Tá forbairt ar shamhail nua cistithe don tseirbhís sláinte riachtanach d’inhuanaitheacht fhadtéarmach na seirbhíse sláinte atá againn agus do Chúram Sláinte Uilíoch – rochtain chuig cúram sláinte coisctheach, príomhúil, leigheasach, athshlánúcháin agus deireadh saoil ar ardchaighdeán atá tráthúil agus inacmhainne do chách. Rinne an Rialtas deiridh mórán oibre ar an gcostas agus na himpleachtaí a bhainfeadh le cúram sláinte uilíoch a thabhairt isteach.	<u>RSláinte</u>
5	Ní mór breis oibre a dhéanamh ar na costais a bhainfeadh le múnlaí éagsúla, agus ar an tslí leis na costais sin a íoc agus ar an tslí is fearr déileáil leis an ngá le seirbhísí sláinte nach mbeidh clúdaithe, sa tréimhse roimh athrú anonn go dtí córas nua. Ag an bpointe seo, iarrfar ar an gCoiste Oireachtais ar Shláinte cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus do shaineolaithe ó lasmuigh chuig éisteachtaí faoin tslí is fearr dul chun cinn, bunaithe ar thorthaí na hoibre atá déanta.	<u>RSláinte</u>
5	Ní mór seachadadh an chláir leasaithe a chríochnú ar dtús ionas go mbeidh na bunstruchtúir curtha síos chun an múnla cistithe a athrú. Cuirfidh sé seo ar chumas an Rialtais nua Chomhpháirtíochta an cinneadh deiridh a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun cinn chun Cúram Sláinte Uilíoch a airgeadú.	<u>RSláinte</u>
5	Bunóimid caiteachas sláinte ar bhuiséadú ilbhlianta tacaithe ag Plean Sheirbhís Sláinte 5 bliana a bheidh bunaithe ar réamh-mheastacháin réalacha, infhíoraithe. Leagfaimid amach buiséad mionsonrach don tseirbhís sláinte le haghaidh tréimhse níos faide. Glactar leis go mbeidh an cistiú breise úsáidte in 2016 agus go mbeidh, ag cur san áireamh athrú déimeagrafach leanúnach agus nuálaíocht mhíochaine, méaduithe de 3% sa bhliain ar an meán, i bpáirt le clár leanúnach leasaithe le breis éifeachtúlachtaí a thiomáint, ag teastáil chun feabhsuithe réalacha a chur i gcrích.	<u>RSláinte</u>
5	Brúfaimid síos an costas chun cóireálacha nua, drugaí, etc. a chur ar fáil. Go háirithe, féachfaimid ar dheiseanna chun cumhacht ceannaigh a ghairiúil trí thionscnaimh náisiúnta nó Eorpacha agus le húsáid a bhaint as cógais atá éifeachtúil agus níos saoire.	<u>RSláinte</u>
6	Beidh údaráis tugtha don Choiste Oireachtais ábhartha sa 32ú Dáil le faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán na straitéise seo [Connecting for Life].	<u>RSláinte</u>
6	Cuirfimid Fís don Athrú chun feidhme go hiomlán ar bhealach a thugann aitheantas do rochtain	<u>RSláinte</u>

	thíreolaíoch.	
6	Ba chóir go dtabharfadh an líonra seirbhísí meabhairshláinte atá molta i 'Fís don Athrú' pointe amháin rochtana do Dochtúirí Teaghlaigh ar mhian leo duine ar leith a atreorú chuig seirbhísí meabhairshláinte nó atá ag lorg comhairle agus treorach faoi bhainistiú duine áirithe. Sa mhúnla atá molta ba chóir go mbeadh pointe amháin rochtana le haghaidh freagartha géarchéime nuair atá gá leis.	RSláinte
6	Táimid tiomanta d'athbhreithniú saineolach, bunaithe ar fhianaise, ar an stádas reatha feidhmithe in Éirinn agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, mar a bhaineann le meabhairshláinte, a réachtáil. Soláthróidh an t-athbhreithniú comhairle, chomh maith, ar: <ul style="list-style-type: none"> • Breis acmhainneachta a thógáil i Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) • Breis seirbhís tacaíochta 24/7 agus foirne teagmhála i gcúram príomhúil agus cúram éigeandála • Sásraí chun foireann a mhealladh agus a choinneáil sa réimse seo 	RSláinte
6	Ar leithligh, cuirfidimid le seirbhísí comhairleoireachta i gcúram príomhúil do dhaoine atá ar ioncam íseal. Féachfaimid leis an tseirbhís a leathnú go dtí eagraíochtaí a thairgeann comhairleoireacht saor in aisce agus seirbhísí síceolaíochta do theaghlaigh a dteastaíonn sé uathu.	RSláinte
6	Tabharfaimid isteach, leis, socruithe oibre idirghníomhaireachtaí níos fearr le seirbhísí eile, le rochtain bunaithe ar riachtanas a chur ar fáil chomh tapa agus is féidir (m.sh naisc idir HSE, Tusla agus seirbhísí príosúin, seirbhísí áitiúla éisteachta agus seirbhísí deonacha).	RSláinte
6	Oibreoidimid lena chinntiú go bhfuil foireann dá leithéid ag gach rannóg éigeandála, agus go ndéanfar soláthar i leith naisc níos fearr chuig iarchúram agus cúram príomhúil.	RSláinte
6	Dóibh sin atá i mbaol ó fhéindochar, ba chóir go gcuirfeadh Stiúrthóireacht Meabhairshláinte an HSE seirbhís comhordaithe, aonfhoirmeach, ar cháilíocht dhearbhaithe, sábháilte, 24/7 ar fáil agus conairí cúraim a sholáthair ó sheirbhísí chúraim phríomhúil go tánaisteach dóibh sin ar fad a bhfuil gá acu le sainseirbhísí meabhairshláinte. Comhairleoidh an t-athbhreithniú neamhspleách faoin tslí is fearr é seo a dhéanamh. Déanfar monatóireacht air agus tiocfaidh moltaí ón gCoiste Oireachtais cuí.	RSláinte
6	Bunófar Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige le machnamh a dhéanamh faoin mbealach is fearr le hathléimneacht, straitéisí déileála, feasacht níos mó a thabhairt isteach agus a mhúineadh do leanaí agus do dhaoine óga, agus conas teacht go deonach ar sheirbhísí tacaíochta agus iad fós óg.	RSláinte
6	Maidir le foirne múinteoireachta déanfaimid infheistíocht i gcúrsaí SafeTALK agus ASIST.	ROS/RSláinte
6	Cuirfidimid leis na seirbhísí sin mar Jigsaw, atá saor le rochtain agus nach bhfuil atreorú ó dhochtúir ag teastáil uaidh, agus atá níos neamhfhoirmiúla agus níos tarraingtí do dhaoine óga.	RSláinte
6	Tá an tacaíocht a chuireann grúpaí pobail, deonacha agus tathanta rí-thábhachtach do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte, dá dteaghlaigh agus dá gcúramóirí. Cinnteoidimid go mbeidh tacaíocht acu do na tionscnaimh agus na cláir atá á réachtáil acu.	RSláinte
6	Cuirfidimid feabhas ar aonfhoirmeacht, éifeachtúlacht agus tráthúlacht na seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus do phobail ag fulaingt de bharr méala.	RSláinte
6	Cuirfidimid níos mó áiteanna cónaithe ar fáil do dhaoine le fadhbanna seasmhacha meabhairshláinte, lena n-áirítear othair fhóiréinseacha agus dhé-fháthmheasa.	RSláinte
6	Oibreoidimid le tuiscint agus meoin na hÉireann ar mheabhairshláinte agus féinmharú a fheabhsú.	RSláinte
6	Cé go n-aithnítear an gá le hidirghabháil agus iontráil chothromaithe, déanfaimid próisis dlí a leasú le déileáil le cimiú ainneonach.	RSláinte
6	Tá sainoibreacha tosaithe ar Ospidéal Náisiúnta nua na Seirbhíse Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann. Tá cistiú faighte don fhorbairt seo mar chuid den Phlean Caipitil. Éascóidh sé seo dúnadh an Lárospidéil Vichteoiriaigh Meabhairshláinte.	RSláinte
6	Ina theannta sin coinneofar an teacht isteach ó dhíol sócmhainní níos sine a úsáidtear le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte d'fhorbairtí nua meabhairshláinte.	RSláinte
6	Déanfaimid seirbhísí agus speisialtachtaí a fhorbairt le tacú le daoine ag pointí éagsúla dá saol. Le daonra atá ag méadú agus ag dul in aois, is gá cur le hacmhainní i síceolaíocht an tsaoil níos sine. Tá thart ar 26 Fhoireann Síciatrachta Seanaoise ann. Tá cistiú breise curtha ar fáil i mBuiséad 2016 agus leanfaimid ar aghaidh ag cur leis.	RSláinte

6	Cuirfimid Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Néaltrú i bhfeidhm.	RSláinte
6	Leanfaimid ag tacú le hIonaid Athshlánúcháin.	RSláinte
7	Déanfar athbhreithniú ar struchtúir agus ar sheachadadh an Stáit mar fhreagra ar bhuiséadú phearsantaithe a bheidh dírithe go speisialta ar riachtanais an duine, a bheidh ag teacht isteach.	RSláinte
7	Tá an obair faoi shiúl chun an reachtaíocht nua seo a dhreachtú chun scéim nua luaineachta a thabhairt isteach mar chúnamh dóibh sin faoi mhíchumas chun a gcuid costas luaineachta atá ag dul i méid, a ghlanadh.	RSláinte
7	Chun é seo a dhéanamh, bunóimid Tascfhórsa laistigh de 3 mhí faoi buiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm. Lárnaigh don Tascfhórsa seo beidh: <ul style="list-style-type: none"> • Glacadh le córas náisiúnta soiléir amháin iarratais chun buiséid a fhorbairt roimh dheireadh 2017 • Glacadh le córas náisiúnta soiléir amháin cuntasachta don chaiteachas • Múnlaí bróicéireachta a scrúdú ina dtugtar cúnamh do dhaoine ceangal le seirbhísí a dhéanann freastal ar na riachtanais atá acu féin agus iad a cheannach • Monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar chleachtadh, úsáid agus treochtaí agus go háirithe an nascacht idir bhuiséid phearsantaithe, infhostaitheacht agus rátaí fostaíochta, chomh maith le cónaí sa phobal 	RSláinte
7	Scrúdoimid soláthar seirbhíse iompair do dhaoine óga faoi mhíchumas lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís oiriúnach don fheidhm, ag teacht lena gcuid riachtanas.	RSláinte
7	Bogfaimid daoine faoi mhíchumas amach as láithreacha comhchónaithe le cur ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheidh san áireamh i measc an phobail. Faoi láthair tá 2,725 duine ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe agus tá sé mar sprioc againn an figiúr seo a laghdú de thrian ar a laghad faoi 2021 agus deireadh ar fad a chur le láithreacha comhchónaithe amach anseo.	RSláinte
7	Cuireadh €7.3 milliún ar leataobh i mBuiséad 2016 chun 1,500 áit lae a chur ar fáil do lucht fágála scoile atá faoi mhíchumas.	RSláinte
7	Tá an Rialtas nua tiomanta a chinntiú go mbeidh deiseanna leanúint leis an oideachas nó leis an oiliúint ag gach fágálaí scoile in aois 18 atá faoi mhíchumas intinne nó coirp.	ROS/RCS/RSláinte
7	Cuirfimid tús, chomh maith, le domhain-athbhreithniú ar na difríochtaí a bhaineann le liostaí feithimh ar fud na tíre.	RSláinte
7	In 2012 foilsíodh an chéad Straitéis do Chúramóirí riamh. Táimid tiomanta dá cur i bhfeidhm go hiomlán. Is mian linn go mbeadh páirt níos mó ag cúramóirí teaghlaigh i réiteach pleananna cúraim, ag cuidiú le soláthar cúraim, mar aon le traenáil níos inrochtana agus cúram faoisimh, chun lánacaíocht a éascú.	RSláinte
7	Tacaímid le rochtain níos fearr chuig tacaíochtaí comhairleoireachta do chúramóirí.	RSláinte
8	Ar an dul céanna le cúram dochtúir teaghlaigh saor in aisce dóibh sin faoi 6, cuirfeadh teagmháil níos luaithe le cúram fiacla le galar a chosc agus le sláinteachas béil a chur chun cinn. Tacóimid le pacáiste chúram fiacla coisctheach dóibh sin faoi 6 a thabhairt isteach. Curtha le seiceáil atá ar fáil faoi láthair ag aois 6, 9 agus 12 bheadh gach leanbh faoi 12 i dteideal chlár cuimsitheach coisctheach sláinte fiacla.	RSláinte
8	Tiocfaimid i gcomhairle faoin gcaoi le feasacht agus coisc níos mó in aghaidh fhadhbanna meabhairshláinte do dhaoine óga, a thabhairt isteach.	RSláinte
8	D'fhoirne múinteoireachta, chomh maith, tacóimid le cúrsaí SafeTALK agus ASIST.	ROS/RSláinte
8	Tacaímid le leathnú seirbhísí mar Jigsaw, atá saor le rochtain agus nach bhfuil atreorú CG ag teastáil uaidh, agus atá níos neamhfhoirmiúla agus tarraingtí do dhaoine óga.	RSláinte
8	Féadann ró-ólachán alcóil agus úsáid drugaí damáiste marthanach a dhéanamh do shaolta daoine óga. Déanfaimid an Bille Sláinte Poiblí (Alcól) a achtú. Láidreoidimid, chomh maith, na rialúcháin ar fhógraíocht alcóil do leanaí. Déanfaimid an Bille Sláinte Poiblí (Alcól) a achtú. Láidreoidimid, chomh maith, na rialúcháin ar fhógraíocht alcóil do leanaí.	RSláinte
8	Tacaímid le leathnú tionscadail Tascfhórsa Drugaí Áitiúla.	RSláinte
9	Cuirfimid laghdú suntasach ar chostas cógas trí chaidhp a chur ar an Scéim Íocaíocht Drugaí agus táillí oideas do shealbhóirí cártaí leighis a laghdú.	RSláinte
9	Cuirfimid feabhas ar thacaíochtaí agus seirbhísí do dhaoine níos sine chun a saol a chaitheamh go neamhspleách ina dtithe féin	RSláinte

9	Cuirfimid le hacmhainneacht Dochtúirí Teaghlaigh chun freagairt d'éilimh othar trí rochtain chuig X-gathanna, ultrafhuaim agus scrúduithe eile, chomh maith le leathnú a dhéanamh ar bhainistiú galar ainsealach sa chleachtadh ginearálta.	RSláinte
9	Sa bhreis ar diaibéiteas, a bhfuil cóireáil á déanamh air cheana sa chleachtadh ginearálta, féachfaimid le galar ainsealach scamhóige, (COPD), asma, cliseadh croí agus fibriliú trialach a chlúdach, ionas gur féidir le hothair a gcuid cúram a fháil sa phobal, gar don bhaile.	RSláinte
9	Cuirfimid ardú, chomh maith, ar líon na n-áiteanna traenála do Dochtúirí Teaghlaigh, aithnímid an gá le líon na dteiripeoirí agus na ngairmithe sláinte eile sna hionaid chúraim phríomhúil a mhéadú chun acmhainneacht na seirbhísí a uasmhéadú.	RSláinte
9	Leathnóimid ról na bpoitigéirí pobail chun sláinte a gcuid othar a bhainistiú agus chun cógais a oideasú.	RSláinte
9	Aithnímid an ról a imríonn an tAltra Sláinte Poiblí sa Phobal. Leathnóimid seirbhísí na nAltraí Sláinte Poiblí (PHN) agus cuirfimid tacaíocht riaracháin níos mó ar fáil dóibh.	RSláinte
9	Cuirfimid leis an gcistiú i leith pacáistí cúram baile agus i leith cúram baile gach bliain.	RSláinte
9	Tabharfaimid isteach seirbhís chúram baile aonfhoirmeach ionas gur féidir le gach faighteoir tacaíocht ar ardchaighdeán a fháil 7 lá na seachtaine nuair is féidir.	RSláinte
9	Déanfaimid infheistíocht shuntasach sa Scéim Oiriúnú Tí agus sa Scéim Fholáirimh do Dhaoine Aosta, a thugann breis sábháilteachta agus suaimhnis intinne dóibh sin atá ina gcónaí sa bhaile.	RSláinte
9	Déanfaimid athbhreithniú ar reachtaíocht a bhaineann le drochíde ar dhaoine níos sine.	RSláinte
9	Tá €385 milliún i gcistiú caipitil aimsithe chun athsholáthar agus athchóiriú a dhéanamh ar 90 teach altranais poiblí ar fud na tíre. Tá sé seo ar cheann de na cláir chuimsitheacha infheistíochta i saoráidí tithe altranais phoiblí a rinne an Stát riamh. Leanfaimid ar aghaidh ag uasghrádú, ag athchóiriú agus ag atógáil saoráidí tithe altranais phoiblí agus ospidéal réigiúnach.	RSláinte
9	Cuirfimid breis cistithe ar fáil don Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais chun scéim Chothrom na Féinne a choinneáil ag thart ar 4 seachtaine.	RSláinte
9	Tabharfaimid athruithe isteach chomh luath agus is indéanta chun deireadh a chur le leithcheal in aghaidh gnónna beaga agus feirmeacha teaghlaigh faoi Scéim Chothrom na Féinne do Thithe Altranais.	RSláinte
14	Feidhmiú a dhéanamh ar chúram leighis dochtúra teaghlaigh saor in aisce do gach uile leanbh	RSláinte
14	Rátháocht a thabhairt i leith inbhuanaitheacht chleachtaí an dochtúra ghinearálta i gceantair uirbeacha atá faoi mhíbhuntáiste	RSláinte
14	Cuirfimid tacaíocht ar fáil do ghréasán Bhothanna na bhFear.	RSláinte
14	Tacú leis an leathnú ar thionscadail Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla	RSláinte

Aguisín 2 – Comhlachtaí faoinár gcoimirce

Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit

An Chomhairle Fiaclóireachta
Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia - Biaslán
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
An tÚdarás Árachas Sláinte
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte
An Bord Taighde Sláinte
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C
Seirbhís Fuiláistriúcháin na hÉireann
Comhairle na nDochtúirí Leighis
An Coimisiún Meabhair-Shláinte
An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse
Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraicigh
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair
An Bord Clárúcháin Optúil
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí
An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal
Bord Clárúcháin na Radagrafaithe
Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Comhlachtaí Tráchtála Stáit

An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (VHI)